Á tháirgeadh ag first impression

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta

22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Fax: 01 676 5754
Web: www.ncaop.ie

National Council on Ageing and Older People

22 Clanwilliam Square
Grand Canal Quay
Dublin 2

Tel: 01 676 6484
E-mail: info@ncaop.ie

Tuairisc Uimh. 89

tuairisc bhliantúil
annual report

2004

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
National Council on Ageing and Older People

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
National Council on Ageing and Older People

tuairisc bhliantúil annual report

2004

22 Cearnóg Chlann Liam, Cé na Mórchanálach, Baile Átha Cliath 2
22 Clanwilliam Square, Grand Canal Quay, Dublin 2
Teil: +353-1-6766484 Facs: +353-1-6765754
R-phost: info@ncaop.ie Gréasán: www.ncaop.ie

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Tuarascáil Uimh. 89

© An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta, 2005
ISBN 1 900378 40 X

Íomhá chlúdaigh le Margaret Cahalane, sonra ó 'View from My Kitchen', aicrileach ar chanbhás, 36 x 36 sm. Curtha ar fáil go fial ag Ionad Ealaíon Chorcaí Thiar i gcomhar le Cumann Sóisialta Ros Cairbre.

Clár

Réamhfhocal **3**

Réamhrá **4**

Téarmaí Tagartha 4

Ballraíocht agus Coistí na Comhairle 6

Rúnaíocht na Comhairle 10

Clár Oibre na Comhairle 2004 **11**

Comhthéacs 12

1. Tuiscint Dhearfach ar Aosú Daonra in Éirinn a Chur Chun Cinn 13

2. Tuiscint Níos Fearr ar Aosú an Duine Aonair agus ar Aosú i gCoitinne a Chur Chun Cinn 20

3. Daoine Aosta a Chumasú le Bheith Rannpháirteach mar Dhaoine Comhionanna sa tSochaí 25

4. Soláthar Comhtháite de Chúram Sláinte agus Sóisialta a Fhorbairt 31

5. Tacú le Cur i nGníomh na Straitéise um Chur Chun Cinn Sláinte 1998 do Dhaoine Aosta 34

Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile **39**

Cuntais **43**

Foilseacháin **55**

Réamhfhocal

Ba bhliain thairbheach dhúshlánach í 2004 don Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta. I mí Eanáir ghlac an Chomhairle lena dara Plean Straitéiseach, a bheidh mar bhunús dá cuid oibre sa tréimhse 2004-2006.

Tugadh roinnt staidéar tábhachtach taighde chun críche in 2004, ar a n-áirítear *Population Ageing in Ireland: Projections 2002-2021*. Tugann na réamh-mheastacháin a rianaítear sa tuarascáil le fios go dtarlóidh méadú mór ar dhearbhlíon na ndaoine aosta in Éirinn le linn an scór bliain seo chugainn. Is é a chreideann an Chomhairle go mba chóir an t-aosú ionchasach a bheith ina chatalaíoch d'fhorbairt polasaithe a bheidh bunaithe ar fhianaise a chinnteoidh lánchomhtháthú agus comhionannas daoine aosta i sochaí na hÉireann. Is é mo dhúil go mbeidh na réamh-mheastacháin daonra seo mar chuid thábhachtach d'forbairt pholasaithe den chineál sin sna blianta atá romhainn. Chun aird a tharraingt ar sheoladh na tuarascála, thionóil an Chomhairle comhdháil náisiúnta rathúil dar teideal *Planning for an Ageing Population: Strategic Considerations* ag a raibh rannpháirtithe i láthair ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príobháideacha.

Chomh maith leis sin, d'fhoilsigh an Chomhairle *Older People in Ireland: A Profile of Health, Status, Lifestyle and Socio-Economic Factors from SLÁN*. Cuireann an tuarascáil sin anailís chuimsitheach i láthair ar thosca a bhaineann le sláinte fhisiciúil agus intinne dhaoine aosta in Éirinn, ar a n-áirítear mionfhiosrúchán ar shaincheisteanna a bhaineann le míchumas agus caighdeán beatha an daonra aosta. Táim cinnte gur cabhair mhór a bheidh sa staidéar sin dóibh siúd a bhfuil baint acu le tosaíochtaí náisiúnta agus réigiúnacha a shocrú agus le cur chun cinn sláinte agus seirbhísí sláinte, chomh maith leo siúd a bhfuil baint acu le timpeallachtaí maireachtála a phleanáil do dhaonra atá ag aosú.

Níos deireanaí sa bhliain, dhírigh an Chomhairle aird go sonrach ar shaincheist ríthábhachtach an aoiseachais trí chomhfheachtas feasachta a sheoladh a raibh mar aidhm leis tuiscint agus feasacht níos fearr ar aoiseachas i sochaí na hÉireann a chur chun cinn. Agus é eagraithe i gcomhar leis an Údarás Comhionannais agus le Feidhmeannacht na mBord Sláinte, dhírigh an feachtas coicíse seo ar an mana: 'Bainfidh teorainneacha i gcónaí le beatha; ná bíodh aois ina ceann díobh sin'. Scaipeadh croítheachtaireacht an fheachtais go forleathan agus úsáid á baint as sliotán ama raidió náisiúnta agus áitiúil, fógraíocht sa phreas agus ar chláir fhógraí. Le comhtharlú leis an bhfeachtas, thionóil an Chomhairle mórchomhdháil chun aoiseachas in Éirinn a scrúdú. Is é a bhí mar sprioc léi sin ná iniúchadh a dhéanamh ar na fadhbanna a bhaineann le réamhchlaonadh, steiréitíopáil agus leithcheal a chuireann as do dhaoine aosta. Chuir sí fóram ar fáil do phlé leitheadach ar an aoiseachas agus béim ar leith ar aoiseachas sna seirbhísí sláinte agus sóisialta.

I réimse an aosaithe shláintiúil, dhírigh an *Healthy Ageing Conference* 2004 ar shaincheisteanna a bhaineann le sábháilteacht agus daoine aosta, agus béim faoi leith á leagan ar na príomhchúiseanna a bhaineann le gortú neamhbheartaithe i measc daoine aosta: titimí, gortuithe de bharr taismí tráchta, tinte agus dó. Labhair roinnt saineolaithe idirnáisiúnta agus Éireannacha ag an gcomhdháil seo ar éirigh go han-mhaith léi.

Mar chomhlacht a labhraíonn ar son na riachtanais agus na gcúraimí atá ag daoine aosta in Éirinn, chuir an Chomhairle roinnt aighneachtaí faoi bhráid Ranna Rialtais, áisínteachtaí reachtúla agus comhlachtaí eile. In 2004, dhírigh Aighneacht Réamh-Bhuiséid na Comhairle don Aire Airgeadais ar chúram fadchónaitheach dhaoine aosta. Rinne an Chomhairle cur i láthair ar an ábhar agus ar na himpleachtaí a bhaineann leis an mBille Míchumais 2004 don Chomhchoiste Oireachtais ar Cheart, Chomhionannas, Chosaint agus Chearta Ban. Chuir an Chomhairle aighneacht ar aosú sláintiúil i láthair an Tascfhórsa Náisiúnta ar Raimhre.

Is mian liom mo bhuíochas a chur in iúl do bhaill na Chomhairle as an am, fuinneamh agus tiomantas a chaith siad le croí mór i gcaitheamh na bliana. Le linn 2004, shlánaigh roinnt ball de chuid na Comhairle a dtéarmaí oifige agus ba mhaith liom buíochas a chur in iúl dóibh as an gcuidiú a thug siad. Ní fhéadfadh an Chomhairle a sainchúram a chomhlíonadh in éagmais saineolas bhaill na gCoistí Comhairleacha agus ba mhaith liom mo mheas mór a chur in iúl dóibh as a gcuid oibre. Mar bhuille scoir, is mian liom buíochas a ghlacadh le foireann Rúnaíocht na Comhairle as a gcabhair fhiúntach a thug siad in 2004.

An Comh Éibhlin Byrne *Cathaoirleach*

Réamhrá

Is áisínteacht reachtúil í an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta atá maoinithe ag an Roinn Sláinte agus Leanaí. Bunaíodh í ar an 19 Márta 1997 in áit na Comhairle Náisiúnta don Aosach (Eanáir 1990 go Márta 1997) agus na Comhairle Náisiúnta do Dhaoine Aosta (Meitheamh 1981 go Eanáir 1990) agus is comhlacht corparáideach í an Chomhairle a bhfuil stádas neamhspleách dlithiúil agus riaracháin aici.

Is í a céad fheidhm ná tuiscint chuimsitheach maidir le haosú agus pobal aosta na hÉireann a fhorbairt chun an chomhairle is fearr is féidir a chur ar fáil don Aire Sláinte agus Leanaí, an t-Aire atá freagrach as Seirbhísí do Dhaoine Aosta ag an Roinn Sláinte agus Leanaí, Airí eile agus iad siúd go léir a bhfuil baint acu le leas daoine aosta in Éirinn.

Maidir leis sin, cuireann an Chomhairle riachtanais agus cúraimí dhaoine aosta in Éirinn in iúl agus déanann sí moltaí atá bunaithe ar fhianaise i dtaca leis na gníomhaíochtaí is ceart a dhéanamh chun na fadhbanna a bhíonn acu a réiteach. Oibríonn an Chomhairle go háirithe chun sláinte agus cuimsitheacht shóisialta dhaoine aosta a chur chun cinn, chomh maith le comhairle a chur i dtaca leis na bealaí chun freastal ar riachtanais an chuid is soghonta den phobal aosta agus na bealaí chun dearcadh dearfach a spreagadh maidir leis an saol i ndiaidh aois 65. Gníomhaíonn an Chomhairle chomh maith chun comhordú níos fearr idir comhlachtaí poiblí a bhaint amach ag na leibhéil náisiúnta agus áitiuil i bpleanáil agus i soláthar sheirbhísí do dhaoine aosta.

Téarmaí Tagartha

Bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta ar an 19 Márta 1997 in áit na Comhairle Náisiúnta d'Aosaigh (Eanáir 1990 go Márta 1997) agus na Comhairle Náisiúnta do Dhaoine Aosta (Meitheamh 1981 go Eanáir 1990).

Is iad feidhmeanna na Comhairle mar seo a leanas:

1. Comhairle a chur ar an Aire Sláinte maidir le gach gné a bhaineann le haosú agus leas daoine aosta, as a conlán féin nó ar achainí an Aire agus go háirithe i dtaca le:

   a) bearta chun sláinte daoine aosta a chur chun cinn;

   b) bearta chun cuimsitheacht shóisialta daoine aosta a chur chun cinn;

   c) cur i bhfeidhm na moltaí a bhíonn i dtuarascálacha polasaí a bhíonn coimisiúnaithe ag an Aire Sláinte;

   d) modhanna le comhordú idir comhlachtaí poiblí ag leibhéal náisiúnta agus áitiúil a chinntiú i bpleanáil agus soláthar seirbhísí do dhaoine aosta;

   e) modhanna le comhpháirtíocht níos mó a spreagadh idir comhlachtaí reachtúla agus deonacha i soláthar seirbhísí do dhaoine aosta;

   f) freastal ar riachtanais na ndaoine aosta is leochailí;

   g) na bealaí le dearcaí dearfacha a spreagadh maidir leis an saol i ndiaidh 65 bliain agus le próiseas an aosaithe;

   h) modhanna le rannpháirtíocht níos mó ag daoine aosta a spreagadh;

   i) cibé gníomh, bunaithe ar thaighde, is gá chun seirbhísí le haghaidh daoine aosta a phleanáil agus a fhorbairt.

2. Cuidiú le polasaithe agus straitéisí náisiúnta agus réigiúnacha atá ceaptha le sochar sláinte agus sóisialta daoine aosta a bhaint amach le:

    a) tabhairt faoi thaighde ar nós maireachtála agus riachtanais daoine aosta in Éirinn;

    b) eiseamláirí dea-chleachtais i gcúram daoine aosta a shainaithint agus a chur chun cinn agus an seachadadh leo a sheirbhísiú;

    c) faisnéis agus comhairle atá bunaithe ar thorthaí thaighde a chur ar fáil dóibh siúd a bhfuil baint acu le forbairt agus/nó cur i bhfeidhm pholasaithe agus seirbhísí a bhaineann le sláinte, dea-bhail agus uathriail daoine aosta;

    d) comhthadhall le comhlachtaí reachtúla, deonacha agus proifisiúnta a bhfuil baint acu le forbairt agus/nó cur i bhfeidhm pholasaithe náisiúnta agus réigiúnacha a bhfuil mar aidhm acu sochar sláinte nó sóisialta daoine aosta.

3. Sláinte, dea-bhail agus uathriail daoine aosta a chur chun cinn.

4. Tuiscint níos fearr ar aosú agus ar dhaoine aosta in Éirinn a chur chun cinn.

5. Comhthadhall le comhlachtaí idirnáisiúnta a bhfuil feidhmeanna acu atá comhchosúil le feidhmeanna na Comhairle.

Is féidir leis an gComhairle comhairle a chur ar Airí eile, má iarrann siad í, maidir le gnéithe aosaithe agus dea-bhail daoine aosta a bhaineann le feidhmeanna na Comhairle.

Ballraíocht agus Coistí na Comhairle

Is iomaí réimsí beatha agus áit dhifriúil in Éirinn as a dtagann baill na Comhairle agus ceapann an tAire Sláinte agus Leanaí iad. Cé nach gceaptar na baill chun bheith ina n-ionadaithe ag eagraíochtaí nó leasanna ar leith, cuireann siad ar fáil don Chomhairle raon leathan de spéiseanna, taithí agus cumais.

Ballraíocht na Comhairle in 2004

Cathaoirleach An Comh Éibhlin Byrne

Pauline Clancy-Seymour Uas
An Comh Jim Cousins
Michael Dineen Uas
An Dr Ciaran Donegan
An tAth Peter Finnerty
James Flanagan Uas
Eamon Kane Uas
An Dr Michael Loftus
Michael Murphy Uas
Mary Nally Uas
Pat O'Toole Uas
Rosemary Smith Uas
Martha Sullivan Uas
Eddie Ward Uas

Shlánaigh na baill seo a leanas a dtéarmaí oifige i mí Mheán Fómhair 2004:

Paul Cunningham Uas
Iarla Duffy Uas
Frank Goodwin Uas
Patricia Lane Uas
Mary O'Neill Uas

Ceapadh nó athcheapadh na baill seo a leanas don Chomhairle i mí na Nollag 2004:

John Brady Uas
Noel Byrne Uas
Kit Carolan Uas
Oliver Cleary Uas
John Grant Uas
An Dr Davida de la Harpe
Annette Kelly Uas
An Dr Ruth Loane
Sylvia Meehan Uas
Paddy O'Brien Uas
Eileen O'Dolan Uas
Paul O'Donoghue Uas
Martina Queally Uas
Elaine Soffe Uas
Bernard Thompson Uas

Cruinnithe in 2004 6

Coiste Bainistíochta

Cathaoirleach An Comh Éibhlin Byrne

John Brady Uas
Bob Carroll Uas
An Comh Jim Cousins
Frank Goodwin Uas
An Dr Michael Loftus
Sylvia Meehan Uas
Pat O'Toole Uas
Bernard Thompson Uas

Cruinnithe in 2004 7

Fochoiste Iniúchóireachta

Cathaoirleach Bernard Thompson Uas

An Comh Éibhlin Byrne
John Brady Uas
Bob Carroll Uas
An Comh Jim Cousins
Frank Goodwin Uas
An Dr Michael Loftus
Sylvia Meehan Uas
Pat O'Toole Uas

Cruinnithe in 2004 4

Coiste Seasta Polasaí

Cathaoirleach An Dr Davida de la Harpe

An Comh Éibhlin Byrne
John Cooney Uas
Jimmy Duggan Uas
John Grant Uas
An Dr Frances Hannon
Joe Larragy Uas
Mary McDermott Uas
Sylvia Meehan Uas
An Dr Virpi Timonen
An Dr Margo Wrigley

Cruinnithe in 2004 6

Coiste Comhairleach ar Aosú Sláintiúil

Cathaoirleach An Dr Michael Loftus

An Comh Jim Cousins
An Dr Nazih Fakhir-Eldin
An Dr John Gibbon
An Dr Margaret Hodgins
Angela King Uas
Ann Leahy Uas
Mary McDermott Uas
An Dr Sheila McEvilly Uas
Shay McGovern Uas
Mary Nally Uas
Deirdre O'Mahoney Uas
Mary O'Neill Uas
Martina Queally Uas
Bernadette Rooney Uas
Peter Sands Uas
An Dr Shelah Wright

Cruinnithe in 2004 7

Coiste Comhairleach ar Thionscnamh Cúraim Chónaithigh ar Chur Chun Cinn Sláinte

Cathaoirleach Julie Ling

Geraldine Delorey Uas
Hilary Dunne Uas
Enda Egan Uas
Margaret Feeney Uas
Mairead Hayes Uas
Angela Keegan Uas
Catherine Lawlor Uas
Elly McCrea Uas
Shay McGovern Uas
Stephen McMahon Uas
Rosemary Nolan Uas
Ann O'Riordan Uas
An Dr John Redmond
Bridget Roche Uas
Mary Rooney Stanford Uas

Cruinnithe in 2004 4

Coiste Comhairleach ar Thuiscintí ar Aosú agus ar Dhaoine Aosta agus Aoiseachas sna Seirbhísí Sláinte

Cathaoirleach An Dr Ruth Loane

Hilary Coates Uas
James Conway Uas
An Comh Jim Cousins
An Dr Ciaran Donegan
Iarla Duffy Uas
Fiona Fitzgerald Uas
Brenda Hannon Uas
Fiona Johnson Uas
John Kincaid Uas
An Dr Michael Loftus
Eileen McGlone Uas
Mary Nally Uas
Ann Ryan Uas

Cruinnithe in 2004 6

Coiste Comhairleach ar Chaighdeán Beatha i gCúram Fadchónaitheach

Cathaoirleach An Dr Ciaran Donegan

An Comh Jim Cousins
Ann Coyle Uas
Sheila Dickson Uas
Ellen Dillon Uas
Brenda Hannon Uas
Breda Hayes Uas
Angela Keegan Uas
Julie Ling Uas
Bridie McGroorty-Fletcher Uas
An Dr Kathy Murphy
Mary Nally Uas
Rosemary Nolan Uas
An Dr Eamon O'Shea
Mary Prendergast Uas
Ann Ryan Uas

Cruinnithe in 2004 1

Coiste Comhairleach ar Bhearta Cuimsitheachta Sóisialta ag an Leibhéal Áitiúil

Cathaoirleach Pat O'Toole Uas

Kit Carolan Uas
An Comh Jim Cousins
Kevin Cullen Uas
Sarah Delaney Uas
Petrina Duff Uas
Patricia Lane Uas
Pascal McDaid Uas
Pat McDonnell Uas
Shira Mehlman Uas
Kevin Molloy Uas
Mary Nally Uas
Michael O'Brien Uas
Sinead Pentony Uas
Mairead Ryan Uas
David Silke Uas

Cruinnithe in 2004 3

Coiste Comhairleach ar Uaigneas agus Leithlis Shóisialta

Cathaoirleach Frank Goodwin

Mary Brennan Uas
Noel Byrne Uas
An Dr Jonathan Drennan
An Dr Gerard Feeley
An tAth Peter Finnerty
Grace Fraher Uas
Kate Frazer Uas
Frank Goodwin Uas
Kitty Harlin Uas
Anne Harris Uas
Julie Healy Uas
An Dr Kate Irving
Mary Nally Uas
Hilary Scanlan Uas
Paula Sims Uas
An tOll Pearl Treacy

Cruinnithe in 2004 3

Rúnaíocht na Comhairle

Bhí an fhoireann seo a leanas i bhfostaíocht na Comhairle in 2004:

Stiúrthóir	Bob Carroll
Bainisteoir Comhordaithe ar Chláir Oibre (sealadach)	Gabrielle Jacob
Oifigeach Taighde	Sinéad Quill
Anailísí Polasaí (sealadach)	Patricia Conboy
Oifigeach Cumarsáide	John Heuston
Oifigeach Acmhainní agus Foilseachán (go dtí Deireadh Fómhair 2004)	Gabrielle Jacob
Comhairleoir Cláir ar Aosú Sláintiúil	An Dr Helen McAvoy
Oifigeach Tionscadal ar Aosú Sláintiúil (sealadach)	Dervilla Keegan
Oifigeach Tionscadal ar Aosú Sláintiúil (sealadach)	Jane England
Bainisteoir Seirbhísí Oifigí agus Imeachtaí	Michelle Rogers
Riarthóir Cuntais	Regina Ward
Riarthóir Cuntais (sealadach)	Margaret Stanford
Rúnaí Riaracháin	Samantha Kenny
Rúnaí Riaracháin	Margaret Flynn
Fáilteoir/Rúnaí Sóisearach (sealadach)	Joanne Clarke

Clár Oibre na Comhairle 2004

Comhthéacs

Is é príomhfheidhm na Comhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta (CNADA) ná tuiscint chuimsitheach ar aosú agus ar an daonra aosta in Éirinn a fhorbairt d'fhonn an chomhairle is fearr is féidir a chur ar fáil don Aire Sláinte agus Leanaí agus dóibh siúd go léir ar cás leo leas daoine aosta in Éirinn.

Déanann an Chomhairle iarracht, trína cuid taighde, tuairimí agus tuiscintí dhaoine aosta ar shaincheisteanna a mbaineann tábhacht leo dóibh siúd sa shainaithint. Déanann sí moltaí bunaithe ar fhianaise i dtaca le gníomhaíochtaí ar cheart a dhéanamh chun na fadhbanna a dtáinig siad i dteagmháil leo a réiteach agus chun deiseanna feabhsúcháin sláinte agus buntáiste sóisialta a chur chun cinn. Go háirithe, oibríonn an Chomhairle chun sláinte agus cuimsitheacht shóisialta dhaoine aosta a chur chun cinn; cuireann sí comhairle maidir le bealaí chun freastal ar riachtanais an dreama is soghonta sa daonra aosta; agus spreagann sí dearcaí dearfacha don bheatha i ndiaidh aois 65. Oibríonn an Chomhairle freisin le cur le comhordú níos fearr idir comhlachtaí poiblí ag na leibhéil náisiúnta agus áitiúla i bpleanáil agus soláthar sheirbhísí do dhaoine aosta.

Baineann fís na Comhairle le sochaí ina mbeidh siad seo a leanas ar fáil do dhaoine aosta:

- na cearta agus na pribhléidí céanna cinntithe do gach saoránach, is cuma faoina n-aois;
- nach gcuirfidh bochtaineacht, droch-shláinte ná míchumas, míbhuntáiste oideachasúil, tithíocht faoin gcaighdeán nó seirbhísí iompair uireasacha astu;
- seirbhísí riachtanacha sláinte, cúraim shóisialta agus leasa a bheith cinntithe le cur ar a gcumas saol sláintiúil, sásta agus neamhspleách a chaitheamh chomh fada agus is féidir;
- meas a bheith orthu mar acmhainn dá gclanna, dá bpobal agus don gheilleagar;
- saor ó dhearcaí aoiseachais a bheith curtha in iúl sna meáin nó ar bhealaí eile;
- iad a bheith bainteach le forbairt na bpolasaithe agus na gclár is mó a imríonn éifeacht orthu.

Buntacaíonn na croíluacha sin le Plean Straitéiseach na Comhairle 2004-2006 agus cuirtear in iúl iad mar chúig sprioc. Trína cuid oibre sa tréimhse sin, tá mar aidhm ag an gComhairle:

1. tuiscint dhearfach ar aosú daonra in Éirinn a chur chun cinn agus tacú leis an mbuntáiste sóisialta agus sláinte a bhaineann le daoine aosta inár sochaí trí thimpeallacht pholasaí, phleanála agus chur i ngníomh a chruthú;
2. tuiscint níos fearr ar aosú aonair agus ar riachtanais daoine aosta i gcoitinne a chur chun cinn;
3. tacú le polasaithe, straitéisí agus dea-chleachtais a fhorbairt a chuirfidh ar chumas daoine aosta a bheith rannpháirteach mar dhaoine comhionanna sa tsochaí;
4. tacú le soláthar sláinte comhtháite agus cúraim shóisialta a fhorbairt ionas go mbeidh rochtain thráthúil ar thacaí agus ar sheirbhísí iomchuí ag daoine aosta agus a gcúramóirí;
5. tacú le cur i bhfeidhm ghníomhphleananna na Straitéise Cur Chun Cinn Sláinte do Dhaoine Aosta 1998: chun feabhas a chur ar ionchas saoil ag aois 65 agus ina diaidh; chun stádas sláinte a fheabhsú do dhaoine in aois 65 agus ina diaidh; agus feabhas a chur ar thimpeallacht agus neamhspleáchas daoine aosta a bhfuil tinneas agus lagú ag cur as dóibh cheana féin.

1. Tuiscint Dhearfach ar Aosú Daonra in Éirinn a Chur Chun Cinn

Taighde

Population Ageing in Ireland: Projections 2002-2021 (Tuarascáil Uimh. 81)

Tá aosú daonra ag tarlú i mórán sochaithe ar fud an domhain – an próiseas trína n-éiríonn daoine aosta mar ghrúpa ina gcuid níos mó den daonra iomlán go comhréireach. Tarlóidh aosú daonra in Éirinn freisin agus creideann an Chomhairle gur cheart go mba mhaith linn go léir a bheith bainteach le sochaí go bhfuil ina líon mór de dhaoine aosta. Tá an méadú ionchasach sa daonra aosta tar éis cur le dearcadh i measc grúpaí áirithe go mbeidh 'aothú aosaithe' os comhair na hÉireann le linn an chéad fhiche go caoga bliain seo chugainn.

De réir na 'teoirice aosaithe' seo, iompróidh lucht saothair níos lú an costas a bhainfidh le haoisghrúpa aosta atá ag dul i spleáchas i gcónaí a chothú, rud a bheidh ina chúis le hídiú do-inbhuanaithe ar ár gcuid airgeadais phoiblí. Chun an bhagairt atá i ngar dúinn a sheachaint, dhírigh na polasaithe atá molta ar smacht airgeadais níos fearr agus ar sholáthar laghdaithe de sheirbhísí poiblí ar mhaithe le féin-leordhacht níos mó, táirgiúlacht a mhéadú agus fás daonra a mhéadú.

Is léir go bhfuil na toimhdithe seo a leanas mar chúlra leis an aothú atá á thairngreacht: gur ualach iad daoine aosta; go mbeidh mar thoradh ar aosú daonra go dtarlóidh leibhéil níos airde spleáchais dá réir; agus go bhfuil gaol líneach idir méid an daonra aosta agus caiteachas poiblí. Tá na toimhdithe seo mícheart ar a mhéid agus cuireann siad aosachas chun cinn ar a laghad.

In 1995, réitigh Peter Connell sraith de réamh-mheastacháin daonra don Chomhairle. Chun eolas a chur ar fáil a chuideodh le díospóireacht phoiblí maidir le saincheist an aosaithe daonra, bheartaigh an Chomhairle tuilleadh réamh-mheastachán a choimisiniú don tréimhse 2002-2021. Leagann an tuarascáil sin *Population Ageing in Ireland: Projections 2002-2021* a tháinig mar thoradh air, réamh-mheastacháin amach ag leibhéil náisiúnta agus chontae don tréimhse 2002-2021 ag tagairt go sonrach don daonra aosta.

Mórthorthaí

- Faoi 2021, réamh-mheastar go dtiocfaidh ardú ar dhaonra iomlán an Stáit go dtí idir 4.57 milliún agus 4.91 milliún (ag brath ar na toimhdithe a rinneadh i dtaca le himirce).
- In 2002, bhí aois 65 nó os a cionn ag 11.1% den daonra iomlán (436,000 duine); faoi 2021 meastar go n-éireoidh an figiúr sin go dtí idir 14.8% agus 15.3% den daonra iomlán (i.e. go dtí idir 698,000 agus 728,000 duine).

- In 2002, bhí 247,000 baineannach aosta ann. In 2021, éireoidh an figiúr sin go dtí idir 375,000 agus 389,000 – méadú de idir 52% agus 57%.
- Is iad na contaetha ag a mbeidh na céatadáin réamh-mheasta is airde de dhaoine aosta faoi 2021 ná iad siúd sa leath thiar den tír, chomh maith le Dún Laoghaire-Rath Dúin agus Contae Phort Láirge.
- I dtéarmaí dhearbhlíon na ndaoine aosta, beidh 24% de na fireannaigh go léir agus 26% de na baineannaigh go léir in aois 65 nó os a cionn ag Cathair agus Contae Bhaile Átha Cliath.
- Réamh-mheastar go dtarlóidh méadú ar líon na ndaoine pósta nó scartha agus líon níos lú de dhaoine singil agus ina mbaintreacha sa ghrúpa 65 bliana agus os a cionn.
- Is iad na limistéir a bhfuil coinne leis an méadú is mó i líon na ndaoine aosta singil a bheith iontu ná Baile Átha Cliath Theas, Cill Dara, Fionnghall, Cill Mhantáin agus an Mhí.
- Faoi 2021, beidh 10% d'fhir agus de mhná in aois 65-74 scartha nó colscartha.
- Faoi 2021, beidh breis agus 30% go díreach de dhaoine aosta (211,000) ina gcónaí ina n-aonar.
- Beidh a dhá oiread líon na ndaoine aosta in aois 70 nó os a cionn ina gcónaí ina n-aonar faoi 2021.
- Gnóthóidh Baile Átha Cliath, an Mhí agus Cill Dara 24,000 teaghlach breise ina mbeidh duine aosta ina c(h)ónaí ina (h)aonar. Tarlóidh méadú suntasach ar líon na dteaghlach le duine aonar i Loch Garman, i gCathair agus i gContae Phort Láirge, agus i gCathair na Gaillimhe.

Athbhreithniú ar an Litríocht a Bhaineann le Taithí Idirnáisiúnta i gCúram Pobail le haghaidh Daoine Aosta

Chun eolas a chur ar fáil d'fhorbairt polasaí in Éirinn, rinne an Chomhairle coimisiúnú i mí na Samhna ar athbhreithniú ar an litríocht a bhaineann le taithí idirnáisiúnta i gcúram pobail le haghaidh daoine aosta. D'fhiosraigh an t-athbhreithniú polasaí, creata maoinithe agus eiseamláirí soláthair do chúram pobail le haghaidh daoine aosta i naoi dtír: Albain; Tuaisceart Éireann; Sasana; an Astráil; Ceanada; an Danmhairg; an Fhionnlainn; an Iseltír; agus an tSualainn.

Ag Foghlaim ó Thaithí Idirnáisiúnta

Cé go raibh difríocht idir na tréimhsí a raibh figiúirí le fáil dóibh thar na naoi dtír, bhí an céatadán den daonra in aois 65 agus os a cionn sa raon ó 10% go 17%. Bhain an céatadán is airde leis an tSualainn in 2004 (17%). Áit a raibh figiúirí ar fáil dóibh siúd in aois 65 agus os a cionn a raibh cúram baile á fháil acu, bhí na céatadáin den daonra iomlán in 2000 sa raon ó idir 6% (an Fhrainc) go 23% (an Danmhairg). Chomh maith leis sin, in 2000 bhí an céatadán díobh siúd in aois 65 agus os a cionn in institiúidí sa raon ó 3% (an Danmhairg) go 9% (an tSualainn).

Léiríonn príomhphrionsabail pholasaí idirnáisiúnta agus treoir dhea-chleachtais i dtaca le cúram pobail le haghaidh daoine aosta fócas láidir orthu seo a leanas: tacú le daoine ina dtithe féin; acmhainn chúraim fhadchónaithigh a mhéadú; comhtháthú sheirbhísí cúraim a chumasú; an gá le haird a thabhairt ar thuairimí dhaoine aosta; agus an tábhacht a bhaineann le cúram atá duine-láraithe.

Cuidiú le Forbairt Polasaí maidir le Cúram Daoine Aosta in Éirinn

- Léiríonn polasaí in Éirinn agus taighde an CNADA go léir an gá atá le tacú le daoine aosta chun gur féidir leo fanacht ina gcónaí sa bhaile le dínit agus go neamhspleách. Dearbhaíonn torthaí an athbhreithnithe ar an litríocht é sin – léiríonn cuid mhaith tíortha fócas láidir polasaí ina leith sin agus bealaí praiticiúla oibre chun é a bhaint amach.
- Príomhthéama a eascraíonn as an litríocht is ea an gá atá le próisis mheasúnaithe atá caighdeánaithe nó ildisciplíneach, nó roinnte, chun riachtanais chúraim an duine a mheas agus feidhmiú mar threoir do sheirbhísí iomchuí sláinte agus sóisialta. Tá moladh sa litríocht freisin go mba chóir pointe rochtana amháin a bheith ann ar riachtanais chúraim shláinte agus shóisialta an duine.

- Is den tábhacht é go gcuirfí san áireamh an gá atá le tacú le cúramóirí neamhfhoirmiúla, le clann agus cairde. Is féidir samplaí praiticiúla tacaíochta a fheiceáil san Fhionnlainn, mar shampla, áit a bhfuil gaolta a thugann cúram do dhuine aosta i dteideal liúntais agus cuirtear seirbhísí éagsúla eile cúram sláinte agus sóisialta ar fáil.
- Tugann an Fhrainc agus an Ísiltír samplaí praiticiúla a bhaineann le daoine aosta faoi bhainistíocht chúraim trí mheán chúram baile atá dírithe ag an tomhaltóir. Baineann téáma polasaí atá le feiceáil arís agus arís eile ar fud na litríochta le cearta dhaoine aosta a aithint agus a chur chun cinn agus iad a bheith bainteach le forbairt cúraim phobail.
- Tá gá soiléir le cúram fadchónaitheach i gcomhthéacs daoine aosta atá an-spleách. Ach do leibhéil níos ísle spleáchais, cuireann cuid mhaith de na tíortha rochtain ar fáil ar chineálacha nua cúraim chónaithigh, ar a n-áirítear tithíocht do dhaoine éislinneacha nó faoi chosaint, agus tréimhsí gearrthéarmacha de chúram institiúideach mar fhaoiseamh ginearálta. Lena chois sin, ba chóir cúram fadchónaitheach a dhéanamh níos neamhfhoirmiúla chun faitíos an chónaitheora go gcaillfeadh sé/sí a neamhspleáchas a íoslaghdú.
- Léiríonn samplaí sa litríocht an gá atá le pleanáil chuimsitheach agus le seirbhísí cúraim phobail a bhainistiú, a bhfuil buntacaíocht straitéisí náisiúnta agus áitiúla acu. Deir an Audit Commission Report (2002) i Sasana gur gá na céimeanna seo a leanas a ghlacadh agus peirsictíocht 'córais iomláin' á forbairt: comhfhís a fhorbairt; seirbhísí agus taithí dhaoine aosta a mapáil; agus seirbhísí a athdhearadh chun rochtain a chuíchóiriú agus chun dúbláil a laghdú.
- Bíonn difríocht idir na socruithe maoinithe a chinntíonn go bhfuil rochtain ag daoine aosta ar na seirbhísí cúraim shláinte agus shóisialta go léir a bhfuil gá acu leo thar na tíortha athbhreithnithe, ach maoiníonn nó comhaoiníonn rialtais náisiúnta agus áitiúla seirbhísí cúraim phobail de ghnáth. Thug Albain cúram pearsanta agus banaltrachta saor in aisce isteach – rud a mbreathnaítear air mar thoisc dhea-chleachtais atá bunriachtanach.

Cuirfidh cuid de na téamaí a fhilleann arís agus arís eile san athbhreithniú ar an litríocht le forbairt polasaí agus dea-chleachtais oibre i gcúram pobail do dhaoine aosta. Ba chóir dóibh siúd a bhfuil baint acu le pleanáil agus soláthar seirbhísí cúraim phobail do dhaoine aosta in Éirinn iarracht a dhéanamh na deiseanna a chuirtear ar fáil a uasmhéadú chun athrú a chur i bhfeidhm.

Imeachtaí

Comhdháil Náisiúnta, *Pleanáil do Dhaonra atá ag Aosú: Ábhair Straitéiseacha*

Chun seoladh *Population Ageing in Ireland: Projections 2002-2021* a mharcáil, thionóil an Chomhairle comhdháil náisiúnta ar 15 Meitheamh 2004 i mBaile Átha Cliath. Eagraíodh an chomhdháil d'fhonn tuiscint dhearfach ar aosú daonra in Éirinn a chur chun cinn agus rinne rannpháirtithe ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príobháideacha freastal uirthi.

Rinneadh láithreachais chomhdhála thar cheithre sheisiún agus rinne siad déileáil le raon de shaincheisteanna a bhaineann go ríthábhachtach le pleanáil rathúil a chur i bhfeidhm do dhaoine atá ag aosú:

- aosú daonra;
- neamhspleáchas agus spleáchas sa tseanaois;
- an bunús fianaise le haghaidh pleanáil do dhaoine atá ag aosú;
- sochaí don uile aois.

Ar na cainteoirí bhí an Dr Eamon O'Shea, Dermot McCarthy, Aidan Punch, Paul Morrin, an Dr Richard Layte, an Dr Ruth Barrington, Patricia Conboy, an tOllamh Hannah McGee, an Dr Anne Goode, an Dr Eithne Fitzgerald, Peter Connell, Dennis Pringle agus an Dr Garret FitzGerald.

An Chéad Seisiún: Aosú Daonra

Chuir Peter Connell agus Dennis Pringle leagan achomair dá gcuid réamh-mheastachán daonra do 2002-2021 i láthair agus leag siad béim ar na príomhthorthaí, mar a rianaíodh san achoimre ar an tuarascáil roimhe seo.

Mar fhreagra ar an bpáipéar, dúirt an Dr Garrett FitzGerald go bhfuil am ann chun pleanáil agus ullmhúchán a dhéanamh d'aosú daonra sa tír seo. Agus aibhisiú á dhéanamh aige ar an athrú ar chothromaíocht spleáchais sa todhchaí ón óige go dtí seanaois, dúirt sé má chuirtear líon iomlán na ndaoine aosta agus na ndaoine óga san áireamh, nach dtiocfadh ach méadú ón 67 in aghaidh an 100 duine d'aois oibre faoi láthair go dtí 75 in aghaidh 100 in 2041 sa choibhneas foriomlán spleáchais don daonra oibre.

Agus é ag tagairt do na droch-fhigiúirí ionchais saoil d'fhir agus mhná ag aois 65 in Éirinn, ghlac sé leis an tábhacht a bhaineann le bearta polasaí chun aghaidh a thabhairt ar an droch-fheidhmíocht sa réimse seo. Labhair sé ar son athchur an phinsin phoiblí de réir a chéile ag aois 70, rud a chuirfeadh solúbthacht ar fáil do dhaoine aosta, chomh maith le costas ar phinsin phoiblí na tíre a laghdú i lár an chéid de thart ar aon cheathrú.

An Dara Seisiún: Neamhspleáchas sa tSeanaois

Chuir an Dr Anne Goode agus an Dr Eithne Fitzgerald ón Údarás Náisiúnta Míchumais (UNM) páipéar i láthair ar spleáchas a thuiscint agus ar an dúshlán don lucht pleanála a bhaineann le freagraí iomchuí a fhorbairt do dhaonraí spleácha. Dúirt siad gur gá trí phríomhchineál spleáchais a aithint má tá pleanáil éifeachtach le bheith déanta ar pholasaí agus ar sheirbhísí: spleáchas riachtanach (ag eascairt as toscaí saoil an duine), spleáchas neamhriachtanach (cruthaithe ag an tsochaí) agus spleáchas casta (teaglaim den dá cheann).

Laistigh den chreat sin, mhol siad eiseamláir shóisialta de spleáchas a thugann aird ar na tosca sóisialta agus comhshaoil a théann i gcion ar rannpháirtíocht daoine aosta sa saol geilleagrach, sóisialta, polaitíochta agus cultúrtha. Dúirt siad go mbaineann tábhacht ar leith le timpeallacht thacúil a chruthú chun cabhrú le daoine aosta fanacht neamhspleách i ngach gné den saol, ar a n-áirítear tithíocht sholúbtha, iompar, obair agus cúram ar feadh an tsaoil.

Chuir an cur i láthair a rinne an tOllamh Hannah McGee treise ar an tábhacht a bhaineann le neamhspleáchas a uasmhéadú do gach duine aosta. Agus í ag tabhairt faoi deara go raibh daoine ag maireachtáil níos faide agus ag maireachtáil níos fearr níos faide, threisigh sí gur dúshlán é aosú atá pearsanta go sainiúil agus uilíoch ag an am céanna. Glacann daoine aosta páirt shuntasach i ngach leibhéal den tsochaí agus is acmhainn thábhachtach iad do bhaill eile na sochaí. Ní i gcónaí a aithnítear an pháirt seo sna tacarshonraí oifigiúla ná ag an leibhéal polasaí.

An Tríú Seisiún: An Bunús Fianaise do Phleanáil le haghaidh Daonra atá ag Aosú

Dhírigh Patricia Conboy ina páipéar ar shuirbhé agus anailís a rinne an Chomhairle le deireanas ar thacarshonraí roghnaithe náisiúnta agus bhéimnigh sí nach léiríonn na tacarshonraí atá ann éifeacht pholasaí phoiblí sách maith ar dhaoine aosta nó an cuidiú a thugann daoine aosta do shochaí na hÉireann. Tá peirspictíocht an aosaithe in easnamh orthu, rud a chiallaíonn nach bhfuil ach luach teoranta ag baint leo chomh fada agus a bhaineann sé le pleanáil do dhaoine atá ag aosú.

Agus freagra á thabhairt aici ar phlépháipéar Patricia Conboy, d'aibhsigh an Dr Ruth Barrington an gá atá le deiseanna do dhaoine aosta a optamú. Leag sí béim ar an tionchar atá ag stádas socheacnamaíoch ar shláinte agus aosú sláintiúil. Is lú an seans go mairfidh daoine bochta chun seanaois ghníomhach a chaitheamh ná daoine atá go maith as. Lena chois sin, is gá staidéar fadama díorma a dhéanamh ar dhaoine aosta le cur lenár dtuiscint ar an bpróiseas aosaithe agus ar na héifeachtaí éagsúla ar aosú sláintiúil.

Chuaigh John Cooney i ngleic le saincheist na n-easnamh faisnéise agus mhol nua infheistíocht níos mó i gcúrsaí faisnéise don Fheidhmeannacht Seirbhísí Sláinte (FSS). Agus é ag cur in iúl nach gcaitear dóthain ar fhaisnéis a ghiniúint faoi dhaoine aosta, leag sé treise ar an ngá atá le tacarshonraí nasctha agus le comhordú níos fearr idir Ranna Rialtais i gcúrsaí pleanála agus i seachadadh seirbhísí do dhaoine aosta. Dúirt sé gur ghá measúnú freisin chun éifeachtacht agus éifeachtúlacht idirghabhálacha agus infheistíochtaí éagsúla a mheas.

Shainaithin an Dr Richard Layte an póiteinseal a bhaineann le staitisticí oifigiúla mar thaisce faisnéise luachmhaire. Seans go mbeidh gá dlíthe cosanta sonraí a athrú chun an póiteinseal a bhaineann le tacarshonraí riaracháin a iniúchadh go hiomlán agus b'fhéidir go mba ghá córas ceadúnaithe nua a forbairt chuige sin. Ach rinne sé tagairt don ghá atá le tacarshonraí nasctha a chuimsíonn gach gné den aosú, chomh maith lena thuilleadh faisnéise ar na rudaí ar mór le daoine aosta iad.

Mhol Paul Morrin go mba chóir go léireodh forbairt chreat staitisticiúil nua ar bith riachtanais daoine aosta. Tá gá le faisnéis i dtaca le daoine aosta le haghaidh dea-cheaptha polasaí i raon de Ranna Rialtais. Mar shampla, ba mhaith leis an Oifig um Chuimsiú Sóisialta (OSI) go mór na grúpaí i measc daoine aosta a shainaithint is mó atá i mbaol de bharr bochtanais agus ba mhaith leis an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh (RGST) staitisticí a fhorbairt sa réimse polasaí pinsean.

Mheas Aidan Punch go bhféadfadh méadú teacht ar dhaonra na ndaoine in aois 65 nó os a cionn ón leibhéal atá aige faoi láthair de 436,000 go dtí thart ar 1 mhilliún sna tríocha bliain seo chugainn agus go bhféadfadh méadú faoi thrí teacht ar líon iad siúd 80 bliain d'aois agus os a cionn sa tréimhse céanna go dtí breis agus 300,000. Agus aird á díriú aige ar roinnt ceisteanna nua maidir le míchumas agus cúramóirí a bhí cuimsithe i bhfoirm dhaonáirimh 2002, dúirt sé go raibh píolótú déanta ar shraith de shé cheist eile le cuimsiú i ndaonáireamh 2006, ar a n-áirítear ceisteanna i dtaca le hobair neamhíoctha, aire don teach nó don chlann, gníomhaíochtaí deonacha, ioncam teaghlaigh agus idirghaolta teaghlaigh.

An Ceathrú Seisiún: Sochaí don Uile Aois

Labhair Dermot McCarthy maidir leis an tábhacht a bhaineann le hidirspleáchais éagsúla sa tsochaí, an gaol idir an óige agus an sean san áireamh. Cheap sé gur tábhachtaí níos mó ná riamh anois go ndéanfaí dlúthpháirtíocht idirghlúntacha a chothú agus a fhorbairt i ngeall ar an athrú sciobtha sa teicneolaíocht. D'aibhsigh sé an tábhacht a bhaineann le páirtithe leasmhara a shainaithint agus a shlógadh ar mhaithe le polasaithe agus straitéisí rathúla d'aosú sláintiúil agus rannpháirtíoch ag leibhéil náisiúnta agus áitiúil araon.

Agus achoimre á déanamh ar na himeachtaí aige, shainaithin an Dr O'Shea seacht saincheist a bheith ríthábhachtach le haghaidh pleanáil rathúil do dhaoine aosta sa todhchaí agus fíorthábhachtach chun sochaí don uile aois a bhaint amach:

- an cuidiú dearfach a thugann daoine aosta don tsochaí a aithint;
- an tábhacht a bhaineann le faisnéis chuimsitheach agus tráthúil don phleanáil a aithint;
- na gaolta agus na freagrachtaí idirghlúntacha atá ann a chothú;
- spleáchas a scaradh ó staideanna spleáchais i saol daoine aosta;
- eiseamláir cúraim bunaithe ar an teach a chur i bhfeidhm do dhaoine aosta spleácha;
- eiseamláir mhíochaine agus shóisialta cúraim do dhaoine aosta spleácha a chomhtháthú;
- éagothroimí sláinte ag gach aoisghrúpa a laghdú ionas go mbainfidh níos mó daoine an tseanaois amach.

Ba dhóigh leis an Dr O'Shea gur chuir pleanáil do dhaoine atá ag aosú iachall orainn smaoineamh níos cúramaí a dhéanamh ar an ngaol atá idir fás geilleagrach agus dul chun cinn sóisialta. Tá gá againn le fás leanúnach geilleagrach chun seirbhísí do dhaoine aosta a mhaoiniú, ach má leanaimid de bhéim níos mó a chur ar fhás geilleagrach ná ar shaincheisteanna sóisialta, beidh an baol ann go ndéanfaimid dearmad ar na ceangail thábhachtacha a nascann an saibhir leis an daibhir agus an óige leis an sean. Níl an leibhéal dea-thola idir na glúnta in Éirinn ídithe againn go fóill – seasann dlúthpháirtíocht go láidir idir na glúnta fiú má imíonn sí as radharc ó am go céile. Is gá fós an dlúthpháirtíocht sin a chothú le dea-phleanáil agus polasaí tuisceanach poiblí. Ba chóir meas a bheith ag polasaí poiblí ar indibhidiúlacht agus castacht an aosaithe ach ba cheart dó gnéithe sóisialta agus idirghlúntacha an phróisis aosaithe a chosaint freisin.

An Daonra Aosta: Saincheisteanna Faisnéise agus Easnaimh

Mar a rianaíodh sa chuid dheiridh, scaipeadh an plépháipéar seo ag comhdháil na Comhairle, *Ag Pleanáil do Dhaonra atá ag Aosú: Ábhair Straitéiseacha*, agus d'eascair sé as suirbhé agus anailís ar thacarshonraí náisiúnta roghnaithe ar thug an CNADA fúthu. Ba iad na tacarshonraí ar dearnadh anailís orthu don pháipéar ná: Daonáireamh 2002; Staitisticí Sláinte 2002; an Hospital In-Patient Enquiry Scheme (HIPE); an suirbhé Living in Ireland (LIIS); *Long-Stay Activity Statistics* 2002; an National Cancer Registry; an National Intellectual Disability Database (NIDD); an *Irish National Survey of Housing Quality (NSHQ)*; an National Physical and Sensory Disability Database (NPSDD); an National Parasuicide Registry; an National Psychiatric In-Patient Reporting System (NPIRS); an Quarterly National Household Survey (QNHS); na National Health and Lifestyle Surveys (SLÁN); agus an Survey on Income and Living Conditions (SILC).

Tátail an Pháipéir

Aosú Gníomhach

Chun cláir agus polasaithe a fhorbairt a chumasóidh aosú gníomhach an daonra, ní mór do lucht ceaptha polasaí a bheith in ann faisneis ar dhaoine aosta a rochtain laistigh de chreat náisiúnta. Ar na heaspaí faisnéise sna tacarshonraí ar dearnadh anailís orthu bhí caighdeán beatha agus an cuidiú sóisialta a thugann daoine aosta; tithíocht agus iompar; agus seirbhísí sláinte agus sóisialta, réimse inar láidre na tacarshonraí maidir le soláthar sonraí institiúideacha, cé go maireann formhór na ndaoine aosta i suímh phobail. Tá ceisteanna ar leith faoin easpa sonraí easláinte pobalbhunaithe, easpa bunachar sonraí náisiúnta d'eisothair shíciatracha agus easpa sonraí i dtaca le leitheadúlacht agus minicíocht chineálacha difriúla loit agus míchumais sa daonra.

Tuiscintí maidir le Seanaois

Ní taiscí neodracha faisnéise faoin daonra aosta iad tacarshonraí. Léiríonn an roghnú catagóirí a úsáidtear le cur síos ar dhaoine aosta toimhdithe foluite maidir le haosú. Ceann de na contrárthachtaí is mó a théann i gcion maidir leis na tacarshonraí is ea an fócas ar spleáchas chun costais an daonra atá ag aosú a mheas, i gcomórtas le cineál teoranta na sonraí atá ar fáil ar mhéid na cabhrach a thugann daoine aosta don tsochaí. Is beag a luaitear faoi riachtanais oideachais agus oiliúna dhaoine aosta agus é sin amháin i bhfianaise na gcostas geilleagrach a bhaineann le daonra atá ag aosú.

Daonra na nDaoine Aosta

Ní grúpa aonchineálach é daonra na ndaoine aosta. Is éard atá ag teastáil ná an cumas chun pleanáil don líon de dhaoine aosta atá ag dul i méid a fhanann neamhspleách isteach in an-seanaois chomh maith leis na foghrúpaí níos lú de dhaoine aosta atá níos soghonta. Bíonn sé seo deacair i gcónaí de bharr easnaimh san fhaisnéise a bhaineann le stádas sláinte dhaoine aosta. Is é a iarmhairt sin ná an gá le próifíl a dhéanamh de na daoine aosta ina n-iomláine, laistigh de bhandaí aoise difriúla, i dtéarmaí raon d'innéacsanna sláinte, sóisialta agus geilleagracha agus foghrúpaí soghonta a shainaithint.

Tá sonraí atá duine-láraithe bunriachtanach chun bheith in ann pleanáil do riachtanais daonra aosta atá éagsúil. Faoi láthair, is í an bhéim atá ag roinnt de na príomh-thacarshonraí ná gníomhaíochtaí agus imeachtaí a rianú, in ionad daoine aonair. Agus iad ar son an ghá go mbeadh sonraí duine-láraithe ar fáil i dtaca le daoine aosta, tá an CNADA aireach agus lántacúil leis na riachtanais go gcaithfear rúndacht an othair ar leith a choinneáil. Sa chomhthéacs sin, fáiltíonn an CNADA roimh fhoilsiú na Straitéise Náisiúnta Faisnéise Sláinte (NHIS) agus tá sé ag dréim le cur i bhfeidhm a cuid moltaí maidir le hAitheantóir Uathúil Othair laistigh de chreat rialachais fhaisnéise.

Taifeadadh, Sainscagadh agus Foilsiú Córasach Sonraí

Is gá go ndéanfadh gach tacarshonraí náisiúnta ábhartha faoin daonra aosta sonraí a thaifeadadh, a shainscagadh agus a fhoilsiú. Is idirdhealaitheach an rud é eisiamh ó thacarshonraí ar bhonn aoise. Mar a dúradh cheana, tá an daonra aosta ilchineálach agus léirítear é sin i riachtanais agus i gcúraimí difriúla de réir mar a bhogann siad trí bhandaí leanúnacha aoise.

Stádas Sláinte an Daonra Aosta

Tá sonraí fiúntacha ann maidir le stádas sláinte an daonra aosta. Ach tá bearnaí suntasacha ann maidir le sonraí easláinte daonrabhunaithe agus sonraí faoi dhaoine aosta le míchumais. Agus an méid a chuireann leibhéil mhéadaithe drochshláinte á chur san áireamh, tá gá soiléir ann le béim neartaithe a bheith ar chúram sláinte coisctheach agus straitéisí cur chun cinn sláinte.

I bhfianaise na gcúraimí sin, fáiltíonn an CNADA roimh an aitheantas san NHIS go bhfuil 'tearcfhorbairt déanta ar an bhfeidhm a thugann aire do shláinte an daonra agus (go bhfuil) an fhaisnéis i dtaca le heasláinte, éagothroimí sláinte, stádas sláinte agus deitéarmanaint sláinte an daonra agus fhoghrúpaí teoranta agus easpach' (RS & L, 2004).

Na Seirbhísí Sláinte agus an Daonra Aosta

De bhrí nach gcuireann an RS&L figiúr ar fáil dá caiteachas ar sheirbhísí do dhaoine aosta, ní féidir leibhéal an mhaoinithe a leithdháiltear don daonra aosta a chur i gcomparáid leis an maoiniú d'earnálacha eile den daonra.

Tá na sonraí maidir le soláthar shainsheirbhísí do dhaoine aosta, ina bhfuil athruithe réigiúnacha agus éagothroimí, neamhiomlán. Níl aon bhunachar sonraí náisiúnta ann d'eisothair shíciatracha agus ní shainaithnítear an speisialtacht Síciatracht Seanaoise mar sheirbhís tiomnaithe. I gcás daoine aosta i gcúram fadchónaitheach, ní féidir brath ar na figiúirí foilsithe maidir le fad an ama a chaith siad i gcúram buan.

Cuireann an CNADA fáilte roimh fhorbairt chreat náisiúnta sonraí le tacú le pleanáil agus ceapadh polasaí in Éirinn atá bunaithe ar fhianaise. Aibhsíónn torthaí an tsuirbhé sin an gá atá le tuilleadh oibre a léireodh stádas an daonra aosta i sochaí na hÉireann. Is eol go maith don Chomhairle castacht chuid de na riachtanais fhaisnéise atá sainaitheanta aici.

Tuairimí Dhaoine Aosta

Níor bunaíodh na príomh-thacarshonraí chun tuairimí dhaoine aosta a lorg, ach is cuid ríthábhachtach den fhaisnéis is gá faoi na daoine aosta in Éirinn iad na tuairimí sin. Ach a gcuid peirspictíochtaí a bheith cuimsithe in éineacht le tuilleadh forbartha ar na creata sonraí, cuideoidh sé chun bunús fianaise le haghaidh pleanála a chinntiú a chuireann riachtanais an daonra aosta san áireamh go fíor.

2. Tuiscint Níos Fearr ar Aosú an Duine Aonair agus ar Aosú i gCoitinne a Chur Chun Cinn

Taighde

Older People in Ireland: A Profile of Health Status, Lifestyle and Socio-Economic Factors from SLÁN (Tuarascáil Uimh. 82)

Tá ionchas saoil in Éirinn ag aois 65 cuid mhaith níos lú ná meán an AE. Lena chois sin, cuireann níos mó drochshláinte agus míchumais as dár saoránaigh aosta ná dá macasamhla sa chuid is mó de thíortha eile na hEorpa. Tá an Chomhairle cinnte, dá bhrí sin, go bhfuil gá le polasaithe agus cláir chun feabhas a chur ar shláinte, rannpháirteachas agus ar shlándáil na saoránach aosta. Is dóigh léi freisin nach mbeifear in ann cláir éifeachtacha d'aosú sláintiúil a bhaint amach ach amháin má dhéanann faisnéis bhunlíne iontaofa agus cothrom le dáta buntacú leo ar na saincheisteanna sláinte agus stíl mhaireachtála a imríonn éifeacht ar shaol daoine aosta.

I bhfianaise air sin, agus mar fhreagra ar na moltaí polasaí a dhéantar sa tuarascáil *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation* (O'Shea, 2003), rinne an Chomhairle anailís thánaisteach a choimisiniú ar na sonraí a sholáthair daoine in aois 65 agus os a cionn a bhí páirteach i suirbhéanna SLÁN 1998 agus 2002.

Cuireann an tuarascáil a tháinig mar thoradh air sin sonraí ar fáil maidir le dea-bhail daoine aosta agus í dírithe ar thosca sláinte, cothromais, timpeallachta agus stíl mhaireachtála. Seoladh í i mBaile Átha Cliath ar 30 Meán Fómhair 2004.

Príomhthorthaí

Is achoimre iad seo a leanas ar ar aimsigh an tuarascáil.

- Cónaíonn níos mó ná 50% de na freagraithe i dtithe scoite, agus níos lú ná 5% in árasáin ilstóir.
- Ba le 77% a dteaghaisí go hiomlán in 1998, agus le 68% in 2002. Ba mhó an seans go mba le daoine aosta a dteaghaisí go hiomlán i gceantair thuaithe.
- In 1998, bhí cárta leighis ag 53% de dhaoine aosta; bhí ceann ag 63% in 2002.
- Thuairisc 64.5% de dhaoine aosta gur thuill siad níos lú ná €320 in aghaidh na seachtaine. Dá mhéid an t-ioncam, is ea is mó an seans go gcónaíonn an duine i suíomh uirbeach.

- Mheas níos mó daoine a shláinte féin a bheith sármhaith nó an-mhaith in 2002 ná in 1998. Tharla laghdú dá réir orthu siúd a mheas a sláinte a bheith maith/measartha agus bocht idir 1998 agus 2002. Bhí gannionadaíocht sna catagóirí sláinte an-mhaith nó maith ag sealbhóirí cárta leighis, agus ró-ionadaíocht acu sna catagóirí sláinte measartha nó bocht.
- Thuairisc 65.5% nach bhfuil siad gníomhach go gnéasach; tá 7% níos mó de na mná gníomhach go gnéasach ná na fir.
- Chuaigh 79.8% de na freagraithe faoi sheiceáil ghinearálta sláinte sna trí bliana roimhe sin (dhá phointe faoin gcéad níos lú ná in 1998). Déanann níos mó ná leath de na freagraithe sa dá shuirbhé freastal ar mháinliachtaí a gcuid il-lianna nó ionad sláinte uair gach trí mhí.
- Thuairisc 25.6% go raibh laincis orthu ina gcuid oibre nó ina ngníomhaíochtaí laethúla i ngeall ar bhreoiteacht fhadtéarmach, nó míchumas.
- Tá cárta leighis ag 77.2% díobh siúd a bhfuil breoiteacht fhadtéarmach nó míchumas ag cur as dóibh.
- Fulaingíonn níos mó ná 50% de na freagraithe in aois 55 nó os a cionn le droch-phian nó pian mheasartha.
- Siúlann níos mó ban ná fear formhór laethanta na seachtaine; freastalaíonn 5.2% ar áras gleacaíochta nó ionad fóillíochta.
- Is caiteoirí rialta tobac iad 20%; thuairisc 23.65% nár ól siad riamh.
- Thuairisc 27% de na fireannaigh agus 15% de na baineannaigh gur ól siad níos mó ná líon na n-aonad alcóil a mholtar in aghaidh na seachtaine.
- Is dóigh le 54% go bhféadfaidís bia níos folláine a ithe. Tharla titim shuntasach ar an méid ghránaigh, aráin agus prátaí a itear idir 1998 agus 2002 ach tháinig méadú ar an méid torthaí agus glasraí a itear, mar a tharla i gcás táirgí déiríochta.

Moltaí na Tuarascála

- Tacaíonn an Chomhairle le príomhsprioc sláinte na Straitéise Náisiúnta Frith-Bhochtaineachta (SNFG) an bhearna sa mhortlaíocht réamhaibí a laghdú idir na grúpaí is ísle agus is airde socheacnamaíocha de 10% ar a laghad do ghalair imshruthaithe, ailsí, ghortuithe agus nimhiú faoi 2007. Moltar go ndéanfaí monatóireacht go sonrach ar an sprioc sin maidir leis a daonra aosta.
- Ba chóir aire faoi leith a thabhairt do dhaoine aosta atá tinn nuair a bhíonn cur chun cinn sláinte intinne á dhearadh, á chur i ngníomh agus á mheas agus i bhforbairt seirbhísí sláinte intinne do dhaoine aosta.
- Ba chóir go mbeadh taighde ar phian agus daoine aosta, agus go háirithe an gaol atá idir pian agus míchumas, ina thosaíocht i dtaighde cliniciúil le daoine aosta.
- I ngeall ar an bhfianaise gur féidir le brath, bainistiú agus cóireáil diaibéitis go luath easláine agus costais a laghdú, molann an Chomhairle go ndéanfaí acmhainní breise agus forbairt seirbhísí a chionroinnt go dtí cóimheasa atá aitheanta go hidirnáisiúnta mar atá sonraithe ag an nGrúpa Forbartha Seirbhísí Diaibéitis.
- Ba chóir moltaí an Údaráis Shábháilteachta Bia (FSA) le haghaidh polasaí náisiúnta bia agus cothaithe do dhaoine aosta a chur i ngníomh go hiomlán.
- De bhrí go bhféadfadh ardleibhéil neamhghníomhaíochta i measc na bhfear sa ghrúpa 55-64 bliain a bheith bainteach le cleachtais oibre suite, ba chóir d'oifigigh chur chun cinn sláinte cláir le haghaidh gníomhaíochtaí fisiciúla a fhorbairt d'fhir sa láthair oibre.
- Léirigh taighde na Comhairle gur luaigh 31% de dhaoine tinneas agus míchumas mar an phríomhchúis le luathscor agus ba cheart aghaidh a thabhairt ar an ngrúpa sin maidir le cur chun cinn sláinte sa láthair oibre agus roghanna solúbtha scoir.
- Ba chóir cúram ar leith a dhéanamh d'ioncam daoine aosta míchumasaithe a choinneáil agus a chinntiú go bhfaighidh siad a gcuid teidlíochtaí.

- Maidir le lagú radhairc, tá gá práinneach lena thuilleadh taighde chun spriocanna a shocrú agus chun bunús iomchuí a cheapadh do straitéis choisceach agus d'fhorbairt seirbhíse.
- Ba chóir liosta tosaíochtaí a fhorbairt le haghaidh Straitéis Náisiúnta um Ghortuithe a Chosc do dhaoine aosta atá ag maireachtáil sa bhaile.

Aighneachtaí agus Páipéir

Aighneacht don Tascfhórsa Náisiúnta ar Raimhre

Léiríonn taighde atá déanta ag CNADA go soiléir an ríthábhacht a bhaineann le sláinte chun neamhspleáchas, rogha agus dea-bhail sa tseanaois a éascú. Sa chomhthéacs sin, chuir an Chomhairle fáilte roimh an deis a fháil ar chuidiú le polasaí a fhorbairt maidir le raimhre a chosc i ndaonra na hÉireann agus sa daonra aosta go háirithe. Bhí mar bhunús ag aighneacht na Comhairle taighde idirnáisiúnta agus téarmaí tagartha an tascfhórsa ar raimhre.

Cé mhéad duine aosta in Éirinn atá ramhar?

Agus suirbhé SLÁN 2002 á lua aici, chuir an Chomhairle in iúl ráta raimhre de 17.6% i measc daoine in Éirinn in aois 55 agus os a cionn, agus díreach níos lú ná aon trian den lucht 55 bliana d'aois le hinnéacs inghlactha de mhais choirp. Tá seans níos mó go mbeadh fir aosta ramhar agus róthrom, agus seans níos fearr go mbeadh mná aosta normálta nó ró-éadrom.

Cén fáth ar tharla sé sin?

Mheas an Chomhairle go bhféadfaí na constaicí sa bhealach ar rochtain daoine aosta ar bhia folláin a scrúdú laistigh de chlár taighde an tascfhórsa ar raimhre, go háirithe daoine aosta atá i mbaol bochtaineachta.

Is ábhar imní é úsáid fhorlíonta sláinte ag daoine aosta, toisc nach leor forlíonta a úsáid in ionad aiste bia sláintiúil. Ghríosaigh an Chomhairle Údarás Sábháilteachta Bia na hÉireann chun scrúdú a dhéanamh ar mhargaíocht na dtáirgí sin atá bunaithe ar aois amháin.

Itheann níos mó fear (11.6%) ná ban (3.7%) bia friochta. Bhéimnigh an Chomhairle go ndéanfaí optamú ar chumas na bhfear aosta chun roghanna sláintiúla itheacháin agus a gcuid scileanna cócaireachta (agus iad siúd de na fir óga ar mhaithe le glúnta d'fhir aosta sa todhchaí), a mbaineann seans níos fearr leo ná glúnta roimhe seo a bheith singil nó scartha).

Céard d'fhéadfadh tarlú má sheasann an fhabhb?

Baineann raimhre le laghdú ar líon na ndaoine aosta a bheith ina gcónaí i bpobal. Má sheasann treochtaí reatha i raimhre, tiocfaidh ardú ar rátaí míchumais. Mhol an Chomhairle go gcuirfí moltaí tuarascála an Ghrúpa Forbartha Seirbhísí Dhiaibéitis i ngníomh mar thosaíocht chun neamhspleáchas daoine aosta a chaomhnú, topisc go dtarlaíonn breis agus dhá thríú de dhiaibéiteas tíopa 2 i ndaoine aosta.

Luaigh an Chomhairle freisin go mb'fhéidir go mba mhaith leis an Tascfhórsa pleanáil d'éileamh méadaithe ar sheirbhísí eile a tharlaíonn i ngeall ar leitheadúlacht diaibéitis a bheith ag dul i méid. Dar léi, ba chóir don Roinn Sláinte agus Leanaí polasaí cumhdaithe diaibéitis na hÉireann a chumrú ag leibhéal cúraim phríomhúil (agus i suíomh teach altranais agus cúraim lae) i measc daoine meánaosta agus aosta.

Céard is féidir a dhéanamh le cosc agus cóireáil a chur ar raimhre?

Bíonn leibhéil ísle gníomhaíochta fisiciúla ag daoine aosta agus tagann laghdú sciobtha ar an ngníomhaíocht sin le haois. Chuir an Chomhairle in iúl go mba cheart dúshlán a thabhairt do thuairimí a chreidtear i dtaca le leibhéil ghníomhaíochta fisiciúla inmhianaithe i ndaoine aosta. Chomhairligh sí gur ghá go dtabharfadh cláir atá ceaptha chun gníomhaíocht fhisiciúil a mhéadú aghaidh ar airíonna fisiciúla agus ar imní maidir leis an gcumas a bhraitear chun tabhairt faoi ghníomhaíocht fhisiciúil. Ba chóir go ndéanfaí cláir den chineál sin a dhearadh chun freastal ar dhaoine aosta, ar a n-áirítear iad siúd le míchumas agus iad siúd faoi thosca díotheacnamaíocha.

Mar chríoch, mhol an Chomhairle go gcuirfí na *Recommendations for a National Food and Nutrition Policy for Older People* i ngníomh go hiomlán agus go ndéanfaí athbhreithniú ar chur i ngníomh na moltaí sin in 2005.

Cumarsáid

Tacaíocht agus Faisnéis á dTairiscint

Le linn 2004, lean an Chomhairle de sheirbhís chuimsitheach faisnéise a chur ar fáil don phobal, agus thug freagra ar líon mór iarratas a fuarthas trí mheán an phoist, teileafóin, r-phoist agus faics. Rinne raon leathan d'fhiosraitheoirí as Éirinn agus thar lear teagmháil leis an gComhairle: daoine aosta, soláthraithe seirbhíse agus lucht pleanála, lucht gairmiúil sláinte, iriseoirí, taighdeoirí, neacha léinn agus pearsanra sna hearnálacha reachtúla, deonacha agus príobháideacha.

Chun buneolas a thabhairt ar obair na Comhairle, dáileadh leabhar dar teideal *A Brief Guide to the Work of the National Council on Ageing and Older People* go forleathan ag taispeántais agus tríd an tseirbhís faisnéise. Bhí an Chomhairle i láthair ag roinnt taispeántas i gcaitheamh na bliana: an Over 50s Exhibition, Corcaigh; an Over 50s Exhibition, Baile Átha Cliath; agus Féile na Bealtaine.

Lean láithreán gréasáin na Comhairle (www.ncaop.ie) de bheith ina chainéal tábhachtach chun faisnéis maidir le haosú agus daoine aosta a dháileadh. Orthu siúd a úsáideann an láithreán go rialta, tá lucht acadúil, pleanálaithe agus soláthraithe seirbhíse, pearsanra ó áisínteachtaí deonacha, neacha léinn agus daoine aosta.

Ag Obair i gComhpháirtíocht

Is croí-eilimint de chuid obair na Comhairle é comhthadhall agus comhoibriú le háisínteachtaí agus eagraíochtaí eile chun leas daoine aosta a chur chun cinn agus chun iarrachtaí ar a son a chomhordú. Le linn 2004, rinneadh obair shuntasach leo seo a leanas:

- Oifig an Aire Stáit le freagracht as daoine aosta;
- An Roinn Sláinte agus Leanaí;
- Údarás Sláinte Réigiún an Oirthir agus Boird Sláinte;
- An tÚdarás Comhionannais;
- Feidhmeannacht na mBord Sláinte;
- An Fóram Náisiúnta Eacnamaíochta agus Sóisialta;
- Cumann Príomhfheidhmeannaigh na nÁisínteachtaí Stáit;
- An Grúpa Cur i nGníomh um Mí-úsáid Daoine Aosta;

- An Coiste Rochtana ar Iompar Poiblí;
- The Dementia Services Information and Development Centre;
- Age and Opportunity (the Go for Life Scientific and Technical Committee);
- Comhairle;
- Líonra Cur Chun Cinn Sláinte na nOspidéal;
- Combat Poverty;
- An Chomhairle Náisiúnta Sábháilteachta;
- An tÚdarás Náisiúnta Míchumais;
- The Disability Federation of Ireland;
- Age Concern Northern Ireland;
- The Federation of Active Retirement Associations;
- The International Federation on Ageing;
- AGE – The European Older People's Platform.

3. Daoine Aosta a Chumasú le Bheith Rannpháirteach mar Dhaoine Comhionanna sa tSochaí

Taighde

Suirbhé ARK ar Dhearcaí maidir le Daoine Aosta agus ar an gCaoi a gCaitear Leo

In 2003, chuidigh an Chomhairle le suirbhé a mhaoiniú ar dhearcaí maidir le daoine aosta agus leis an chaoi a gcaitear leo sa Phoblacht agus i dTuaisceart Éireann. Rinne an ERSI suirbhé i bPoblacht na hÉireann ar son an Northern Ireland Social and Political Archive (ARK). Bunaíodh na torthaí ar agallaimh le sampla ionadaíoch den daonra in aois 18 agus os a cionn. Léiríonn na suirbhéanna sin an tábhacht, atá ag dul i méid, a bhaineann le haosú mar réimse fiosrúcháin agus mar chúram polasaí ar oileán na hÉireann.

Na Príomhthorthaí

Conas a Chaitear le Daoine Aosta

- Chuir breis agus trian de na freagraithe an tuairim in iúl gur caitheadh níos measa le daoine aosta ná leis an daonra i gcoitinne i ngeall ar a n-aois. Níor chuir ach 21% díobh siúd in aois 70 agus os a cionn an tuairim sin in iúl i gcomparáid le beagnach 40% díobh siúd a raibh aois faoi 50 acu.
- D'airigh formhór mór na ndaoine i ngach aoisghrúpa an leibhéal céanna measa, nó níos mó, de réir mar a chuaigh siad in aois. Díobh siúd in aois 70 agus os a cionn, d'airigh 42% gur tugadh meas níos mó dóibh de réir mar a chuaigh siad in aois. Ach d'airigh mionlach suntasach de dhaoine in aois 60 agus os a cionn níos lú measa de réir mar a chuaigh siad in aois.

Seirbhísí a Chuirtear ar Fáil do Dhaoine Aosta

- Chuir breis agus dhá thrian de fhreagraithe an tuairim in iúl go gcuireann údaráis phoiblí dóthain seirbhísí ar fáil do dhaoine aosta, cé go ndeachaigh an céatadán a chuir an tuairim sin in iúl i laghad le haois.
- Ba iad méadaithe pinsin agus buntáistí airgeadais na saincheisteanna ba mhó a luadh (34%) agus ina dhiaidh sin cúram sláinte (26%) agus seirbhísí le cur ar chumas daoine aosta fanacht go neamhspleách sa bhaile (24%).

- Ba dhroch-mhargadh an bunphinsean Stáit (€157.30 nuair a rinneadh na hagallaimh) dóibh siúd a raibh lán-ranníocaíochtaí déanta acu, de réir 71% de fhreagraithe.

Na Príomhfhadhbanna roimh Dhaoine Aosta

Nuair a tugadh liosta d'fhadhbanna féideartha dóibh tháinig leibhéal ard imní chun solais i measc na bhfreagraithe maidir leis na fadhbanna a gcaithfidh daoine aosta aghaidh a thabhairt orthu:

- Shainaithin breis agus 80% de gach aoisghrúpa faitíos roimh choirpeacht ar cheann de na príomhfhadhbanna a bhíonn ag daoine aosta.
- Shainaithin breis agus 75% de fhreagraithe uaigneas.
- Shainaithin 56% agus 49% faoi seach de fhreagraithe dhá shaincheist eacnamaíoch, 'an costas a sheasamh' agus 'teas a choinneáil sa gheimhreadh', mar phríomhfhadhbanna dhaoine aosta agus shainaithin 50% rochtain ar chúram sláinte.

Cóir Chomhionannach

Chomh maith leis an tábhacht a bhaineann le rochtain ar chúram sláinte, braitheann daoine aonair go bhfuil sé ríthábhachtach go gcaithfí go cóir chomhionannach leo is cuma cén aois atá acu:

- Bhí éifeacht ag aois ar an gcúram a bhí ar fáil i dtéarmaí na ndearcaí a bhí ag soláthraithe, ar an gcóireáil a bhí le fáil agus ar rochtain ar liosta feithimh de réir 40% de na freagraithe. Is ábhar suntais é gurb iad siúd in aois 70 agus os a cionn is lú is dóchúla a shainaithneodh go gcaitear go hidirdhealaitheach leo i ngeall ar aois.
- Thuairisc 8% de na freagraithe in aois 50 agus os a cionn gur bhraith siad gur chaith lucht gairmiúil cúraim shláinte agus shóisialta leo 'le níos lú dínite agus measa' i ngeall ar a n-aois.

Sa Láthair Oibre

- Chuir beagnach trí cheathrú de na freagraithe uile, agus breis agus trí cheathrú díobh siúd faoi aois 60, an tuairim in iúl go ndéantar leatrom orthu i gcúrsaí earcaíochta agus oiliúna.
- Is rogha le formhór mór na bhfreagraithe i ngach aoisghrúpa roinnt obair pháirtaimseartha a bheith acu thart ar am scoir, agus léirigh an chatagóir is mó (37% go hiomlán) gur rogha leo obair pháirtaimseartha a bheith acu roimh agus i ndiaidh aois scoir an Stáit. Níor chuir ach 12% de fhreagraithe an rogha in iúl gan obair pháirtaimseartha ar bith a bheith acu thart ar am scoir.

Tátail

Cé go mbraitear go forleathan nach gcaitear chomh maith céanna le daoine aosta i ngeall ar a n-aois, ba chóir a thabhairt faoi deara gur dóchúla go mbraithfidh daoine óga mar sin. Ba lú an seans go dtabharfadh siad siúd in aois 70 agus os a cionn freagraí diúltacha. Léiríodh an tuairim láidir thar gach aoisghrúpa nach ndéanann an Stát dóthain do dhaoine aosta agus nach gcaitheann na seirbhísí airgeadais chomh maith céanna le daoine aosta.

Feachtais

Diúltaigh don Aoiseachas

Mar chuid dá chúram deireadh a chur le haoiseachas i sochaí na hÉireann, sheol an Chomhairle feachtas poiblí feasachta ar feadh coicíse ar 4 Deireadh Fómhair, i gcomhar leis an Údarás Comhionannais agus Feidhmeannacht na mBord Sláinte. Agus *Say No to Ageism* mar theideal air, dhírigh an feachtas ar an mana 'Beidh teorainneacha leis an mbeatha i gcónaí; ná bíodh aois mar cheann acu', agus é mar aidhm aige tuiscint agus feasacht níos mó a spreagadh ar an aoiseachas i sochaí na hÉireann. Rinneadh cur chun cinn forleathan ar an raidió náisiúnta agus áitiúil, chomh maith le fógraíocht sa phreas agus ar chláir fhógraí.

Dúirt an Comh Éibhlin Byrne, Cathaoirleach CNADA, 'Creidimid gurb é deireadh a chur le dearcaí diúltacha i leith daoine aosta agus ar an steiréitíopáil agus an leatrom a chuireann as dóibh ár bpríomhghléas chun sochaí don uile aois a fhorbairt go rathúil.'

Dúirt Niall Crowley, POF an Údaráis Chomhionannais, 'Nuair a dhiúltaítear don aoiseachas, diúltaítear don leatrom, do na steiréitíopaí diúltacha agus do na dolúbthachtaí a eisiann daoine aosta. Baineann sé leis an lámh in uachtar a fháil ar an bhfaitíos roimh aosú agus daoine aosta a aithint mar acmhainn.' Is sampla amháin d'aoiseachas sa tsochaí Éireannach é go mba éilimh ar i ngeall ar leatrom iad 9.2% de cháschomhaid an Údaráis Chomhionannais le linn 2004 a bhí bunaithe ar aois a bhain le harduithe céime, agallaimh do phostanna agus fógraí do phostanna. Is forbairt mhaith ar an reachtaíocht chomhionannais é gur cuireadh deireadh leis an uasteorainn aoise a theorannaigh an chosaint ó leatrom dóibh siúd a raibh aois faoi 65 acu.

Agus an feachtas á sheoladh aige, dúirt an tOllamh Desmond O'Neill 'go ngortaíonn agus go maraíonn aoiseachas daoine aosta. Is éard is daoine aosta ann ná muid go léir de réir mar a théimid in aois. Ba cheart go gcuimhneoimis, agus muid ag soláthar do dhaoine aosta, go bhfuilimid ag ullmhú na gcaighdeán go díreach a chuirfear ar fáil dúinn uile i ndeireadh báire.'

Imeachtaí

Comhdháil Náisiúnta, *Ó Aoiseachas go hAoischomhionannas: Aghaidh á Thabhairt ar na Dúshlán*

Ar 14 Deireadh Fómhair 2004, d'óstaigh Feidhmeannacht na mBord Sláinte, an tÚdarás Comhionannais agus CNADA comhdháil i gcomhar i mBaile Átha Cliath. Rinne rannpháirtithe freastal uirthi ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príobháideacha, chomh maith le daoine aosta aonair agus chuir sí fóram ar fáil le plé leitheadach a dhéanamh ar an aoiseachas in Éirinn, agus béim faoi léith ar sheirbhísí sláinte agus sóisialta.

Ba iad aidhmeanna na comhdhála ná tuiscint níos fearr ar aoiseachas a chur chun cinn agus na fadhbanna a bhaineann le réamhchlaonadh, steiréitíopáil agus leatrom a fhiosrú mar a chuireann siad isteach ar dhaoine aosta in Éirinn. Ba chuid d'fheachtas níos leithne i dtaca le feasacht ar leatrom í an chomhdháil atá rianaithe thuas.

Ba iad aidhmeanna na comhdhála ná:

- torthaí as staidéir thaighde ar aoiseachas in Éirinn le deireanas a chur i láthair;
- an taithí Shasanach ar dhul i ngleic le leatrom aoise a mheas;
- tosaíochtaí chun aghaidh a thabhairt ar leatrom aoise san Eoraip agus in Éirinn a shainaithint;

- eolas a chur ar fáil mar bhunús le moltaí maidir le comhionannas aoise, rochtain agus caighdeán an tsoláthair seirbhíse le haghaidh daoine aosta atá le forbairt ag an CNADA.

Ar na cainteoirí bhí Craig Muir ón Roinn Sláinte sa RA; Ros Levenson ón King's Fund; Loretta Crawley, an Scoil Bhanaltrachta agus Chnáimhseachais, COBÁC; an tOllamh Síle O'Connor, Scoil Staidéar Polasaí, Ollscoil Uladh; Lizanne Dowds, Stiúrthóir, ARK; Eileen McGlone, Stiúrthóir, QE5; Richard Baker, Cathaoirleach, Non-Discrimination Expert Group, AGE; Niall Crowley, POF, an tÚdarás Comhionannais; Bob Carroll, Stiúrthóir, an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta.

Téamaí na Comhdhála

Deireadh a Chur le hAoiseachas

Leag roinnt cainteoirí béim ar conas a d'fhéadfadh clár náisiúnta gníomhaíochta agus athleasaithe ar nós an National Service Framework for Older People (An Roinn Sláinte, RA), agus treoir ar nós *Auditing Age Discrimination* le húsáid ar an talamh, cuidiú le haoiseachas a shainaithint agus deireadh a chur leis. Luaigh Richard Baker agus Niall Crowley araon an creat dlíthiúil atá san Eoraip agus in Éirinn anois, ach dúirt Niall Crowley go bhfuil roinnt oibre le déanamh fós i dtéarmaí reachtaíochta. Chuir Niall Crowley béim freisin ar an ngá le cinntiú go bhforbróidh fostóirí agus soláthraithe seirbhíse polasaithe agus cleachtais éifeachtacha. Ach is gá treoir agus tacaíocht a thabhairt do dhaoine aosta, d'fhostóirí agus do sholáthraithe seirbhíse chun cuidiú le forás an phróisis seo.

Leatrom a Dhíothú

Chun aghaidh a thabhairt ar fhadhb atá coitianta amhail leatrom aoise aontaíodh i gcoitinne nach mór feasacht ar aoiseachas a chothú i measc lucht déanta polasaí agus iad siúd a bhainistíonn seirbhísí a mbaineann ríthábhacht leo do dhaoine aosta.

Admhaíodh gur bhain ábharthacht ríthábhachtach in Éirinn le faisnéisiú Craig Muir 'Rooting Out Age Discrimination in the NHS and Social Care Services'. Léiríonn sé tuiscint ar aoiseachas agus rún a chinntiú nach gcuirfidh leatrom míchóir isteach riamh ar dhaoine aosta. Chomh luath agus a aithnítear é, is gá gníomhú chun leatrom aoise a dhíothú. Maidir leis seo, rianaigh Ros Levenson tionscnaimh de chuid na RA chun iniúchadh a dhéanamh ar leatrom aoise agus chun tabhairt faoi ag leibhéal na bainistíochta agus ag leibhéal an phobail. Sa chomhthéacs seo, glacadh leis go dtabharfaidh tionscnaimh mar sin treoir thábhachtach d'iarrachtaí in Éirinn a bhfuil mar aidhm leo aghaidh a thabhairt ar aoiseachas i gcoitinne agus ar sheirbhísí sláinte agus cúraim shóisialta in Éirinn go sonrach.

Infheistíocht ar Mhaithe le Sochaí Atá Saor ó Aoiseachas

Mheas roinnt cainteoirí, ar a n-áirítear Craig Muir, Ros Levenson agus Niall Crowley má tá aghaidh le tabhairt ar aoiseachas, go mbeidh gá le rannpháirtíocht na sochaí uile, daoine aosta san áireamh. Is tasc mór é díothú aoiseachais agus ní bhainfear amach é gan leibhéal ard maoinithe. Tá sé ríthábhachtach, mar sin féin, go mbreathnófaí ar chaiteachas a chionroinntear ar mhaithe le díothú aoiseachais mar infheistíocht inár sochaí, ceann a íocfaidh díbhinní fiúntacha do chách sa todhchaí.

Clár Comhionannais Aoise a Fhorbairt

Thug Richard Baker ón eagraíocht AGE – an Clár Polasaí Eorpaigh do Dhaoine Aosta peirspictíocht Eorpach ar fhorbairtí a bhaineann le leatrom aoise. Labhair sé faoin gcinneadh Eorpach le deireanas breathnú ar rochtain uilíoch agus chothroime i gcúram sláinte agus an tábhacht a bhaineann leo d'fhorbairt chlár do chomhionannas aoise i gcomhthéacs an AE.

Thug Niall Crowley ón Údarás Comhionannais nuashonrú cuimsitheach ar shaincheisteanna a bhaineann le tuarascáil a áisínteachta féin *Implementing Equality for Older People*. Mhol sé, cé go bhfuil cuid mhaith oibre le déanamh go fóill, go mba chóir go leagfaí béim faoi leith ar na moltaí a bhaineann le leatrom aoise, mí-úsáid aoise, rochtain ar chroí-sheirbhísí cúraim phobail agus rochtain ar sheirbhísí fadchónaitheacha dóibh siúd a bhfuil gá leo agus, níos tábhachtaí fós, ar chaighdeán na seirbhísí don dream atá lag agus ina n-othair ainsealacha.

Tátail

Mheas Bob Carroll, san achoimre a rinne sé, nár cheart dúinn na constaicí a mheas faoina luach nuair a bheifear ag cur polasaí maidir le leas daoine aosta i ngníomh. Má bhreathnaítear ar an daonra aosta mar ualach, is féidir leis sin é a dhéanamh i bhfad Éireann níos deacra 'sochaí don uile aois' a fhorbairt.

Caithfidh daoine aosta agus lucht a gcúise a bheith seiftiúil go maith i mbun dlúthpháirtíocht idirghlúntacha a chur chun cinn chun pleanáil fhadtéarmach a spreagadh do shochaí chothrom. Agus é ag cur in iúl go ndúirt an Eagraíocht Shláinte Dhomhanda (ESD) go mbeidh dóthain acmhainní ag sochaithe atá sásta pleanáil a dhéanamh chun íoc as dul in aois, chuir sé an cheist: an bhfuil Éire sásta pleanáil ionas go mbeidh dóthain acmhainní aici chun íoc as dul in aois?

Aighneachtaí agus Páipéir

Cur i Láthair ar Dhaoine Aosta agus ar an mBille Míchumais 2004

I mí na Samhna 2004, rinne an Chomhairle cur i láthair do Chomhchoiste an Oireachtais ar Cheart, Chothroime, Chosaint agus Chearta Ban maidir leis an mBille Míchumais 2004. Chuir an Chomhairle fáilte roimh an mBille nuafhoilsithe, á rá gur thug sé an ceart do dhaoine aosta le míchumais ar mheasúnú neamhspleách ar a gcuid riachtanas oideachasúil agus sláinte. Is é a bheadh mar thoradh air sin ná ráiteas seirbhíse a ullmhú beag beann ar chostas na seirbhísí a bhí ag teastáil. Chuir an Chomhairle in iúl go bhféadfadh an Bille aghaidh a thabhairt ar chuid de riachtanais chuid mhaith daoine le míchumais a bhainfeadh tairbhe as measúnú pearsanta agus cur chuige bainistíochta cúraim agus cáis chun freastal ar a gcuid riachtanas. Ar an gcaoi chéanna, ghlac an Chomhairle le luach acmhainneach Bille (Leasú) na Comhairle 2004, i dtéarmaí sheirbhísí pearsanta abhcoideachta a chur ar fáil d'iarratasóirí ar mheasúnú.

Chuir an Chomhairle roinnt ábhar imní in iúl maidir leis an mBille:

- Is den bhunriachtanas é go ndéanfaí idirdhealú idir roinnt cleachtaí agus cineálacha difriúla míchumais. Éiríonn roinnt daoine míchumasach ina seanaois i ngeall ar thinneas nó ghortú. Éiríonn daoine eile sean le míchumas atá orthu cheana féin; tugtar 'an dara míchumasú' ar an bpróiseas aosaithe i gcás na ndaoine sin. Tá daoine eile ann a dtagann 'aosú anabaí' orthu, e.g. daoine le dementia luath agus daoine le Siondróm Down a dtagann dementia orthu in aois a dtríochaidí agus a ndaichidí. Bíonn riachtanais ar leith ag na daoine sin agus tá fíorchontúirt ann go mbeidh siad thíos leis idir na seirbhísí míchumais agus seanaoise.
- Is den tábhacht é béim a leagan ar an ngá go gcaithfí go cothrom le gach duine le míchumas. Níor chóir go mbeadh aois ina toisc nuair a bhíonn cinneadh á dhéanamh maidir le cé acu ar cheart measúnú a dhéanamh orthu agus na seirbhísí ar cheart a chur ar fáil.
- Tá foráil i mBhille Míchumais 2004 faoinar féidir an measúnú ar shocruithe riachtanas a thabhairt in éifeacht ag uaireanta difriúla do dhaoine in aoiseanna difriúla. Is é tuairim na Comhairle dá ndéanfaí leatrom i soláthar seirbhísí measúnaithe ar bhonn aoise nach mbeadh sé sin ag teacht le reachtaíocht chomhionannais.

Mhol an Chomhairle go mbunófaí gníomhaíocht ar thorthaí iontaofa measúnaithe le cinntiú go mbainfear amach na cuspóirí polasaí sóisialta náisiúnta a bhaineann le daoine aosta agus daoine míchumasaithe. Mhol sí chomh maith cur chuige caighdeánaithe cuimsitheach chun na tosca míochaine, sóisialta, síceolaíocha agus airgeadais a bhaineann le daoine aosta a mheas, rud a chuireann riachtanais, roghanna agus cumais daoine aosta san áireamh.

Ceisteanna a Bhaineann le Soláthar Measúnaithe

Chuir an Chomhairle roinnt ceisteanna maidir le soláthar measúnaithe:

- Cuimseoidh seirbhísí sláinte 'seirbhís shóisialta phearsanta': an gcuimseoidh sé sin réimse iomlán de chúram baile, chúram pearsanta agus de thacaí sóisialta atá ag teastáil chun cuspóirí na seirbhísí do dhaoine aosta atá liostaithe thuas a chur i ngníomh?
- Cad iad na prionsabail agus na slata tomhais a threoireoidh an próiseas measúnaithe? Cé chomh fada agus a rachaidh an próiseas measúnaithe i ngleic le riachtanais agus dearcaí iad siúd a dhéanann cúram den duine míchumasaithe? Cé chomh maith agus a chuimseoidh na ráitis seirbhíse a bheidh mar thoradh air dearcaí an duine fhásta mhíchumasaithe a bhfuil measúnú á dhéanamh ar a riachtanas?
- Conas a chinnteofar neamhspleáchas na bpróiseas measúnaithe?
- Conas a dhéanfar an creat measúnaithe nua a chomhtháthú le córais mheasúnaithe agus tharchurtha atá ann? An ndéanfar faillí i bhfoghrúpa ar leith den daonra nó an mbeidh orthu fanacht ar liosta feithimh le haghaidh measúnaithe?

Freagraí Iomchuí a Ofráil

Chuir an Chomhairle in iúl go raibh contúirt ann go bhféadfadh an creat riaracháin ina iomláine a bheith liopasta agus conspóideach. Cheistigh sí faoi chumas daoine míchumasaithe déileáil go pras le teacht mhíchumais go tobann agus leis na haothuithe ina dhiaidh sin do dhaoine aonair agus dá dteaghlaigh. Cé go bhfuil nós imeachta gearán ann, an féidir leis freastal ar chúinsí ina bhfuil dearcaí difriúla idir iad siúd a bhfuil measúnuithe á ndéanamh acu agus a gcliaint maidir leis an rud is fearr a dhéanamh – agus, dá bhrí sin, maidir le hábhar ráiteas seirbhíse?

Cúl a Thabhairt d'Incháilitheacht

Luaigh an Chomhairle go ngeallann an Straitéis Náisiúnta Sláinte, *Quality and Fairness: A Health System for You* go ndéanfar incháilitheacht do sheirbhísí sláinte agus sóisialta pearsanta a shainmhíniú agus leathnú a dhéanamh ar scóp chreat na hincháilitheachta. Ach is é an cuspóir a bhaineann le reachtaíocht nua a ullmhú ná cúl a thabhairt don mhionsamhail de 'incháilitheacht' atá roinnt teoiriciúil ar mhaithe le córas teidlíochtaí ar sheirbhísí laistigh d'amfhráma réasúnta. Is léir go mbainfidh impleachtaí móra leis dóibh siúd atá leochaileach, tinn agus a bhfuil míchumais orthu. Beidh impleachtaí i gceist freisin do chur i ngníomh pholasaí náisiúnta ar sheirbhísí le haghaidh daoine aosta agus d'éifeacht na reachtaíochta míchumais seo.

Ráitis Seirbhíse

Tá ráitis seirbhíse faoi réir ag caighdeáin agus cóid chleachtais fhaofa do na seirbhísí atá molta. Beidh sé tábhachtach, dá bhrí sin, a chinntiú roimh ré go bhfuil caighdeáin fhaofa bainte amach ag seirbhísí ar dóigh éileamh a bheith orthu agus go bhfuil siad ag teacht le cóid ábhartha chleachtais.

4. Soláthar Comhtháite de Chúram Sláinte agus Sóisialta a Fhorbairt

Aighneachtaí agus Páipéir

Aighneacht Réamh-Bhuiséid don Aire Airgeadais maidir le Cúram Fadchónaitheach do Dhaoine Aosta

Ina hAighneacht Réamh-Bhuiséid 2004 don Aire Airgeadais, d'athphléigh an Chomhairle ceist chúraim fhadchónaithigh i bhfianaise roinnt forbairtí. Orthu sin bhí:

- éabhlóid leanúnach pholasaí sláinte agus sóisialta na hÉireann;
- athleasú agus nuachóiriú córasach na seirbhísí sláinte;
- foilsiú staidéar Mercer maidir le maoiniú do chúram fadchónaitheach sa todhchaí agus Páipéar Comhairliúcháin a d'ullmhaigh an Roinn Gnóthaí Sóisialacha agus Teaghlaigh;
- athbhreithniú leanúnach ar an Scéim Fhóirdheontais do Thithe Altranais.

Pleanáil agus Soláthar Cúraim Fhadchónaithigh

Deimhníonn taighde na Comhairle go dteastaíonn ó dhaoine aosta fanacht ina dteaghaisí féin. Tá gá le tacaíocht a dteaghlach, a gcairde agus a gcomharsan, chomh maith le soláthraithe deonacha agus reachtúla le cur ar a gcumas é sin a dhéanamh. Ina hAighneacht Réamh-Bhuiséid, rianaigh an Chomhairle a cuid tuairimí maidir le tosaíocht a thabhairt do chúram fadchónaitheach le haghaidh daoine aosta a mhaoiniú.

Na Paraiméadair a Shocrú

Mhol an Chomhairle go ndéanfaí na paraiméadair a ndéantar tosaíochtaí a shocrú laistigh díobh a chinneadh de réir na gcroíphrionsabail atá rianaithe sa tuarascáil *The Years Ahead: A Policy for the Elderly*:

1. Daoine aosta a choinneáil sa bhaile faoi dhínit agus go neamhspleách.
2. Neamhspleáchas sa bhaile a thabhairt ar ais do na daoine aosta sin a éiríonn tinn nó spleách.
3. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do chúram daoine aosta ina bpobal féin ag clann, comharsana agus comhlachtaí deonacha i ngach slí is féidir.
4. Cúram ospidéil agus cónaitheach d'ardchaighdeán a sholáthar do dhaoine aosta nuair nach féidir iad a choinneáil a thuilleadh sa bhaile faoi dhínit agus go neamhspleách.

Neamhspleáchas a Bhaint Amach trí Chomhpháirtíocht

Leagann na croíphrionsabail béim ar neamhspleáchas an duine aosta a choinneáil agus ar thacú le clanna agus le daoine eile agus iad ag tabhairt aire do dhaoine aosta ina dteaghaisí féin. Is é an riachtanas atá ann, dar leis an Comhairle, ná eiseamláir na comhpháirtíochta a fhorbairt, a bheidh bunaithe ar chomhluacha, a mbeidh na daoine aosta iad féin, a gclanna, áisínteachtaí éagsúla Stáit, an earnáil phríobháideach, an earnáil dheonach agus pobail áitiúla ina gcónaíonn daoine aosta bainteach léi.

An Ceart ar Thacaí agus ar Sheirbhísí a Chinntiú

Luaigh an Chomhairle a tuairim in athuair gur chóir, tar éis measúnaithe, go mbeadh daoine aosta i dteideal na seirbhísí agus na tacaí sin a rochtain a chuirfeadh ar a gcumas fanacht ina dteaghaisí féin. Mhol an Chomhairle go n-aithneodh an Rialtas prionsabal na teidlíochta ar chroísheirbhísí do dhaoine aosta.

Teidlíocht ar Chúram Fadchónaitheach a Shoiléiriú

Is ábhar imní don Chomhairle le tamall an aimhrialtacht faoina bhfuil rochtain ar chúram ospidéil saor in aisce ag daoine aosta ach nach bhfuil rochtain sa ghnáthchúrsa acu ar chúram fadchónaitheach. Cruthaíonn sé sin an-chuid cruacháis do dhaoine aosta agus dóibh siúd atá ag tabhairt aire dóibh. Ba cheart go mbeadh daoine aosta i dteideal chúraim fhadchónaithigh phoiblí agus tá gá le soiléiriú gasta faoin staid faoi láthair.

Caighdeán an tSoláthair Chúraim a Chinntiú

Creideann an Chomhairle go gcaithfear aird a dhíriú go díreach ar chaighdeán agus éifeachtúlacht sheirbhísí cúraim fhadchónaithigh seachas ar sheirbhísí den chineál sin a sholáthar ar íoschaighdeán. Tá gá le córas náisiúnta nua cigireachta in ionad an chórais chigireachta atá ann do thithe príobháideacha altranais. Chinnteodh córas mar sin cothroime agus aonfhoirmeacht i dtéarmaí áiseanna cúraim, soláthair fhoirne agus soláthair chúraim fhadchónaithigh laistigh de gach cineál cúraim fhadchónaithigh: poiblí, príobháideach agus deonach. Mhol an Chomhairle go mbunófaí, gan mhoill, córas náisiúnta nua cigireachta d'áiseanna cúraim fhadchónaithigh uile, príobháideacha agus poiblí araon.

Faisnéis Chruinn a Fháil

Shainaithin an anailís a rinne an Chomhairle ar thacarshonraí náisiúnta saincheisteanna ríthábhachtacha faisnéise agus easnaimh maidir leis an daonra aosta. Mhol sí go gcuirfí athleasuithe ar na córais náisiúnta fhaisnéise sláinte i ngníomh go sciobtha.

Caiteachas Sláinte ar an Daonra Aosta a Rianú

Creideann an Chomhairle go mba chóir go ndéanfaí dóthain acmhainní a chionroinnt don RS & L chun an buntáiste sláinte agus sóisialta a uasmhéadú do dhaoine aosta. Mhol an Chomhairle córais fhaisnéise airgeadais a fhorbairt a chumasóidh rianú caiteachais ar dhaoine aosta; anailís chomparáideach ar ionchuir agus aschuir le haghaidh roghanna éagsúla cúraim; agus measúnú ar éifeacht an chaiteachais ar dhea-bhail dhaoine aosta.

Creat Measúnaithe a Bhunú

Tá an measúnú mar a bheadh cloch choirnéil ag cúram fadchónaitheach. Maidir leis sin, mhol an Chomhairle go gcuirfeadh an Roinn Airgeadais na hacmhainní ar fáil chun creat náisiúnta measúnaithe a bhunú. Mhol sí freisin go gcuirfí dóthain acmhainní ar fáil chun gur féidir pleananna cúraim a bheadh bunaithe ar mheasúnú a chur i ngníomh do dhaoine aosta.

An Soláthar Cúraim a Chomhtháthú

Má táthar chun aghaidh a thabhairt go héifeachtach ar a gcuid riachtanas, tá gá ag daoine aosta le pacáisti comhtháite cúraim agus le freagairtí comhtháite ó sholáthraithe seirbhíse. Ciallaíonn sé sin comhtháthú a bheith déanta ar sholáthar cúraim shláinte phoiblí agus phríobháidigh chun a chinntiú go bhfaigheann othair cúram ar bhonn gá seachas ar a gcumas chun íoc as an tseirbhís. Maidir leis sin, mhol an Chomhairle go mba chóir go gcumasódh an chionroinnt bhuiséid don RS & L atá pleanáilte dul chun cinn i gcur i ngníomh na Straitéise Cúraim Phríomhúil.

Polasaí Bainistíochta Cúraim agus Cáis a Chur i nGníomh

Dhírigh an Chomhairle aird in athuair ar an bpoitéinseal a bhaineann le bainistíocht dhírithe cúraim agus cáis le cur ar chumas daoine aosta soghonta fanacht ina dteaghaisí féin. Mhol sí, go sonrach ar an ócáid sin, go gcinnteodh an tAire Airgeadais go dtabharfaí dóthain acmhainní do chláir Bhainistíochta Cúraim agus Cáis chun gur féidir le cláir mar sin dóthain pearsanra, maoiniú, ama agus córais theicneolaíochta faisnéise a rochtain.

Ag Tacú le Cúramóirí

Ní féidir a bheith cinnte go gcuirfear cúram neamhfhoirmiúil ar fáil. Ba chóir gach dícheall a dhéanamh tacú le cúramóirí a chuireann ar chumas daoine aosta fanacht ina dteaghaisí féin, go minic in aghaidh srutha láidir. Luaigh an Chomhairle a hiarratas in athuair ar Liúntas Tinrimh ar Bhuanchúram a chur ar fáil nach mbeadh tástáil acmhainní ag dul leis, ach a bheadh bunaithe ar na costais a bhaineann le cúram baile a sholáthar.

Mhol an Chomhairle athrú ar rialacháin Leasa Shóisialta le cur ar chumas chúramóirí aosta an Pinsean Seanaoise a bhfuil siad ina theideal a fháil chomh maith leis an Liúntas do Chúramóirí mar aitheantas as an gcúram agus an tacaíocht a thugann siad. Ba chóir maoiniú a chur ar fáil do raon de roghanna faoisimh ar a n-áirítear cúram faoisimh sa bhaile, áiteanna cúraim lae, cúram faoisimh ghearrthéarmaigh, feighlíocht oíche agus cúram tí a bheadh curtha ar fáil ag Cúntóirí Baile agus daoine eile i rith an lae.

Acmhainní a Sholáthar

Mhol an Chomhairle:

- go ndéanfaí acmhainní a chionroinnt ar bhealach a thacaíonn le cúram comhtháite do dhaoine aosta;
- scéim nua fhóirdheontais do chúram pobail a thabhairt isteach, ar chóir a fhorbairt agus a chur i ngníomh i gcomhar le scéim athleasaithe fhóirdheontais do chúram fadchónaitheach. Thacódh sé le cur chuige comhtháite do chúram fadchónaitheach a sholáthar thar raon an chúraim phobail, na Bainistíochta Cúraim agus Cáis agus an chúraim fhadchónaithigh;
- go ndéanfaí cistí a bheadh ginte tríd an scéim nua árachais shóisialta a imdhaingniú;
- go gcuirfí bearta i bhfeidhm dírithe ar dhaoine le hioncaim ísle le cur ar a gcumas a bheith gníomhach i mbun soláthar príobháideach a dhéanamh dá seanaois trí choigilteas agus pinsean a phleanáil.

5. Tacú le Cur i nGníomh na Straitéise um Chur Chun Cinn Sláinte 1998 do Dhaoine Aosta

Comhdháil ar Aosú Sláintiúil 2004: Sábháilteacht Daoine Aosta

Tionóladh an *Chomhdháil ar Aosú Sláintiúil 2004* ar 30 Samhain 2004. D'oscail Seán Power, TD, Aire Stáit ag an Roinn Sláinte agus Leanaí an chomhdháil go hoifigiúil agus ghlac 120 páirt inti ó na hearnálacha reachtúla, deonacha agus príomháideacha. Rinne an chomhdháil iniúchadh ar shaincheist na sábháilteachta do dhaoine aosta, go háirithe an éifeacht a imríonn na príomhchúiseanna a bhaineann le gortuithe agus bás neamhbheartaithe i measc daoine aosta – titimí, gortuithe de bharr taismí bóthair, agus tine agus loscadh.

Ar na cainteoirí idirnáisiúnta bhí an Dr Robert Conn, Smartrisk, Ceanada, a rinne cur síos ar an obair reatha chun straitéis náisiúnta do chosc gortuithe a fhorbairt i gCeanada; an Dr Dinesh Sethi, ón Eagraíocht Shláinte Dhomhanda Réigiún na hEorpa a chuir príomhthorthaí thuarascáil na hESP/an Bhainc Dhomhanda i láthair ar bhac a chur le gortuithe tráchta bóthair mar a bhaineann siad le daoine aosta. Rianaigh Dawn Irwin roinnt cur chuige straitéiseach do chosc titimí i dtíortha Eorpacha.

Téamaí na Comhdhála

Beo a Shábháil, Airgead a Shábháil

Is príomhchúis le hospidéalú agus bás iad gortuithe neamhbheartaithe i measc daoine aosta. Ní hamháin go mbaineann costas ollmhór daonna leo i dtéarmaí péine agus fulaingthe, ach costas eacnamaíoch chomh maith a meastar a bheith thart ar €85 milliún in aghaidh na bliana in Éirinn. Ach is féidir cuid mhaith gortuithe neamhbheartaithe a thairngreacht agus a chosc agus is cúis mhaith é sin go gcuirfí bearta coisctheacha i ngníomh.

An Gá Atá le Straitéis Náisiúnta Choisctheach

Ní mór tús a chur le hoideachas sábháilteachta agus le tógáil feasachta tamall maith roimh aois 65. Chomh maith le comhoibriú, comhordú agus cumarsáid áitiúil, tá gá freisin le straitéis náisiúnta comhordaithe atá maoinithe go maith ina mbeidh lámh ag daoine aosta agus a gcúramóirí, ag soláthraithe seirbhíse sláinte, coinnitheoirí buiséid, bainisteoirí riosca agus pleanálaithe na timpeallachta tógtha.

Dúshláin roimh Straitéis Náisiúnta a Fhorbairt agus a Chur i nGníomh

Is saincheist chasta é gortú, a chuireann roinnt dúshlán roimh straitéis choisctheach agus leitheadach do ghortú a fhorbairt agus a chur i ngníomh. Is é an chéad cheann ná saincheist na 'húinéireachta' a réiteach agus is é an dara dúshlán ná a chinntiú go bhfuil gach duine atá bainteach soiléir faoina gcuid ról agus freagrachtaí. Is é an tríú dúshlán ná a chinntiú go bhfuil 'ceannach isteach' do chur chuige comhordaithe ilearnálach ag gach leibhéal.

Foghlaim ó Dhaoine Eile

Is féidir le taithí thíortha eile in oideachas sábháilteachta agus i gcosc gortuithe cabhrú go mór chun dea-chleachtais a fhorbairt in Éirinn.

Titimí: Tugann clár 'Smart Move' de chuid Smartrisk i gCeanada agus obair an Prevention of Falls Network Europe (PROFANE) le tuiscint gur féidir le cur chuige a chuimsíonn sláinte chnáimhe, aclaíocht, bainistíocht mhíochnaithe agus modhnuithe baile a bheith éifeachtach chun titimí a chosc.

Tuairteanna Tráchta Bóthair: Is gá do gach úsáideoir bóthair a gcuid iompraíochta a athrú chun an ráta ard doghlactha gortuithe ar ár mbóithre a laghdú. Tarlaíonn athrú trí fheasacht a mhéadú, oideachas agus forghníomhú na dteorainneacha luais. Is féidir le hoiriúnú na timpeallachta fisiciúla, amhail fad am an 'fhir ghlais' ag trasnuithe a mhéadú, éifeacht mhór a imirt ar ghortuithe coisithe.

Dóiteán: Arís, is féidir le hoideachas agus tógáil fheasachta róil shuntasacha a imirt chun cuidiú le daoine na rioscaí a thuiscint agus a shainaithint ionas gur féidir leo gníomhú chun minicíocht dóiteán a laghdú.

Tosaíochtaí do Ghníomhaíocht

D'admhaigh rannpháirtithe na comhdhála go forleathan go gcuideoidh Straitéis Náisiúnta dea-mhaoinithe um Cosc Gortuithe le beathaí a shábháil agus le minicíocht ghortuithe i measc daoine aosta a laghdú. Ach beidh róil agus freagrachtaí a bheidh sainithe go soiléir ag teastáil ó straitéis éifeachtach chomh maith le tosaíochtaí agus gníomhphleananna dea-cheaptha a shocrú.

Aighneachtaí agus Páipéir

Togra Straitéise Náisiúnta um Chosc Titimí do Dhaoine Aosta

Is saincheist mhór shláinte phoiblí agus eacnamaíoch iad titimí agus a n-iarmhairtí. In 2004, d'ullmhaigh an CNADA togra le cur faoi bhráid na RS & L maidir le straitéis náisiúnta um chosc titimí a ullmhú. Tá cuid mhaith samplaí de dhea-chleachtas i dtaca le cosc ar thitimí le fáil in Éirinn. Mar sin féin, tharla forbairt sheirbhísí agus chlár ar bhonn *ad hoc* i ngeall ar easnamh straitéise comhaontaithe. Cé go bhfuil forbairt déanta ar pholasaithe um chosc titimí i gceantair shláinte áirithe, bíonn an claonadh iontu díriú ar laghdú titimí i ndaoine aosta i suímh chúraim ar nós bardaí ospidéil aonair agus tithe altranais seachas sa mórphobal.

Is gá go ndéanfaidh straitéis choisctheach tuairimí raon leathan de speisialtachtaí a chomhtháthú ionas go ndéanfar laghdú ar rioscaí titimí a d'fhéadfadh a bheith ann do dhaoine aosta agus go ndéanfar measúnú orthu siúd ar tharla titim dóibh agus íoslaghdú ar bhaol titimí ina dhiaidh sin. Tá gá freisin chun acmhainní ganna a dhíriú i dtreo idirghabhálacha tosaíochta a bhfuil fianaise láidir mar bhunús acu.

Is éard a bheadh mar thoradh ar straitéis náisiúnta um chosc titimí a fhorbairt ná:

- tosaíochtaí soiléire ar féidir leis an bhFSS agus na húdaráis shláinte áitiúla oibriú ina dtreo;
- moltaí i dtaca le cleachtas coisctheach titimí a fhorbairt agus a chomhtháthú laistigh de sheirbhísí náisiúnta sláinte reatha;
- moltaí maidir le sonraí a bhailiú agus córais fhaire iomchuí a fhorbairt le haghaidh ghortuithe i measc daoine aosta in Éirinn;
- treoirlínte soiléire bunaithe ar fhianaise maidir leis an gcéad titim agus sobhristeacht chnáimhe a chosc;
- treoirlínte soiléire bunaithe ar fhianaise maidir le dea-chleachtas i meicníochtaí comhordaithe tarchuir gan úim agus measúnú ag speisialtóir ar dhaoine aosta ar tharla titim dóibh;
- uirlisí le haghaidh pleanáil sheirbhísí sláinte gaolmhara sa todhchaí a bheidh ag teacht le titimí a laghdú i measc daonra atá ag aosú;
- moltaí le haghaidh cionroinnt acmhainní a chuidíonn le seirbhísí coisctheacha titimí a bheidh tiomanta agus bunaithe ar fhianaise ag leibhéal réigiúnach;
- feasacht, comhtháthú agus leanúnachas méadaithe oibre thar gach earnáil de na seirbhísí sláinte agus den mhórphobal;
- níos lú bearnaí i seirbhísí agus an dúbláil iarrachta is lú idir údaráis sláinte;
- breis infheistíochta i gcosc titimí;
- dul chun cinn maith i dtreo na spriocanna atá curtha in *Adding Years to Life and Life to Years: A Health Promotion Strategy for Older People* (Brenner and Shelley, 1998) a bhaint amach.

Feachtais

Básanna i Measc Coisithe Aosta a Aibhsiú

Sheol an Chomhairle feachtas sábháilteachta ar 14 lúil 2004 i gcomhar leis an gComhairle Náisiúnta Shábháilteachta (CNS) agus an Irish Road Haulage Association (IRHA). Dhírigh an feachtas ar thiománaithe feithiclí earraí troma (HGV) agus ar úsáideoirí soghonta bóthair, go mór mór coisithe aosta, chun iad a chur ar an eolas maidir leis an 'spota dall' i líne léargais thiománaithe HGV. Bhí an feachtas ar siúl sa phreas náisiúnta agus áitiúil.

De réir an CNS, maraíodh nó gortaíodh 3,360 duine idir 1998 agus 2002 in imbhuailtí a raibh baint ag HGVnna agus coisithe de gach aois leo. Bhí an bás mar thoradh ar 10% de na himbhuailtí sin agus drochghortú mar thoradh ar 20% díobh. Ach má bhreathnaítear ar imbhuailtí amháin idir thiománaithe HGV agus daoine aosta, léiríonn na figiúirí go raibh básanna mar thoradh ar 44% de na himbhuailtí sin agus drochghortuithe ar 22%.

Toisc amháin a d'fhéadfadh a bheith ina cúis le básanna dhaoine aosta ar tharla imbhuailtí le HGVnna dóibh is ea an bóthar a thrasnú i dtrácht mall uirbeach róghar don spás atá go díreach os comhair feithicle earraí, nach mbíonn amharc ag an tiománaí air de ghnáth. D'fhéadfadh sé go mba thoisc í an fhadhb sin i mbásanna suas le seisear coisithe sa bhliain 2003 amháin.

D'iarr na trí eagraíocht ar dhéantúsóirí HGV scátháin speisialta a fheistiú i ngach cábán ag staid na líne cóimeála chun deireadh a chur le spota dall an tiománaí. Iarradh ar oibreoirí tarlaithe agus ar bhainisteoirí cabhlach na scátháin sin a aisfheistiú ar chábáin, mura raibh sé sin déanta cheana.

Agus í ag labhairt ar son an CNADA, dúirt Jane England Uasal, 'Tá raon radhairc thiománaí, laistigh de chábán (HGV) teoranta; is minic go mbíonn an spás go díreach chun tosaigh ar an bhfeithicil ceilte ar a radharc agus baol méadaithe ann go mbuailfear faoi choisithe. Moltar do choisithe, dá bhrí sin, go háirithe daoine aosta, gan an bóthar a thrasnú riamh os comhair feithiclí móra.'

Tionscnaimh Náisiúnta

Tionscnamh Cónaitheach um Chur Chun Cinn Sláinte

Is fada ó d'aithin an Chomhairle na riachtanais ar leith a bhíonn ag daoine aosta i gcúram cónaitheach agus an fhíric gur suímh den scoth iad áiseanna cónaitheacha do thionscnaimh chur chun cinn sláinte. In 2004, d'oibrigh an Chomhairle i gcomhar le Líonra Cur Chun Cinn Sláinte Ospidéil na hÉireann chun an Tionscnamh Cur Chun Cinn um Chúram Cónaitheach Sláinte a sheoladh. Leag an clár fócas deich gcéim amach ar féidir le háiseanna cónaitheacha a úsáid chun a gcuid áitritheoirí a spreagadh chun fanacht sláintiúil agus ceapadh Comhordaitheoir Náisiúnta chun an scéim a chur i ngníomh agus chun tacú leis na hionaid a mbeadh páirt á glacadh acu sa tionscnamh. Chuimsigh na deich gcéim na réimsí seo a leanas de shaol laethúil na n-áitritheoirí:

- comhairliúchán;
- polasaí aosaithe sláintiúil agus conas a chleachtaítear é;
- an leibhéal rogha atá le fáil i ngnéithe éagsúla den saol laethúil;
- cleachtais fhaisnéise;
- spás agus giuirléidí pearsanta;
- neamhspleáchas;
- stíl mhaireachtála (saincheisteanna ar nós bainteacht rialta an phobail, deiseanna foghlama agus aclaíocht fhisiciúil);
- foireann agus a sláinte;
- gnóthaí lách do chlann agus áiseanna cuartaíochta.

Tionscnamh Oiliúna Tógála Cumais

Luaigh tuarascáil na Comhairle *Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation* (O'Shea, 2003) go mba chóir do chlár Aosú Sláintiúil an CNADA a bheith ina acmhainn luachmhar chun tacú le grúpaí deonacha agus iad ag iarraidh dea-chleachtas in oibriú tionscadal aosaithe sláintiúil a bhaint amach:

> *D'fhéadfadh tógáil chumais a bheith i riocht tacú le ceardlanna oiliúna nuair a bhíonn pleanáil, reáchtáil agus measúnú tionscadal aosaithe sláintiúil ar bun acu agus tacú le grúpaí i gcáil chomhairleach.*

Agus í ag tógáil ar an moladh sin, rinne an Chomhairle bealaí a iniúchadh in 2004 le cumas a thógáil do ghrúpaí deonacha agus iad ag tacú le daoine aosta sa phobal. Sa chomhthéacs sin, reáchtáil sí clár píolótach tógála cumais thar dhá sheisiún i nGaillimh agus i dTamhlacht. Reáchtáladh an clár i gcomhar leis an Federation of Active Retirement Associations, Age Concern Northern Ireland agus le Bord Sláinte an Oirdheiscirt. Tá sé i gceist go mbeidh an clár píolótach seo ina bhunús ag forbairt agus cur i ngníomh chlár oiliúna níos mó chun tacú le cumas a thógáil thar an earnáil dheonach.

Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile

Comhall le Reachtaíocht agus Rialacháin Eile

Mar áisínteacht reachtúil a bhfuil stádas neamhspleách agus dlíthiúil aici, rialaíonn roinnt achtachán reachtach agus gnáthamh eile an Chomhairle ina cuid oibre. Áirítear orthu sin:

- na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 agus 2003;
- an tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997;
- an tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997;
- an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2001.

Na hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 agus 2003

Le linn an dá mhí déag seo caite, ghlac an Chomhairle na bearta go léir is gá le cinntiú go gcloíonn sí go hiomlán leis na ceanglais dhlíthiúla maidir le sonraí pearsanta a choinneáil agus a phróiseáil mar atá leagtha amach sna hAchtanna Cosanta Sonraí 1988 agus 2003. D'fhonn a cuid dualgas dlíthiúil a chomhlíonadh, is rialtóir cláraithe sonraí í an Chomhairle le hOifig an Choimisinéara Cosanta Sonraí, tá ráiteas polasaí aici i dtaca le cosaint sonraí, agus déanann a hOifigeach Acmhainní agus Foilseachán maoirseacht ar fheidhmiú an Achta laistigh den eagraíocht. Tá taithí ag gach ball foirne ar Pholasaí Cosanta Sonraí na Comhairle agus tá gnáthaimh scríofa ann maidir le gach réimse ina bhfuil baint ag an gComhairle le faisnéis ríomhairithe faoi dhaoine ar leith a choinneáil.

An tAcht um Shaoráil Faisnéise 1997

Tá an Chomhairle ina háisínteacht liostaithe faoin Acht um Shaoráil Faisnéise 1997. Chun an tAcht a chomhlíonadh, déanann an tOifigeach Cumarsáide ról an Oifigigh Shaorála Faisnéise laistigh den eagraíocht, agus tá Lámhleabhar Comhairle le fáil ach é a iarraidh. Ní bhfuair an Chomhairle iarratas ar bith ar fhaisnéis faoin Acht in 2003.

An tAcht um Íoc Pras Cuntas 1997

Tá an Chomhairle áirithe mar cheannaitheoir liostaithe earraí sa sceideal don Acht um Íoc Pras Cuntas 1997. Ón 2 Eanáir 1998, nuair a tháinig sé i bhfeidhm, chloígh an Chomhairle lena chuid forálacha. De réir an Achta agus na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Fiontar, Trádála agus Fostaíochta, cuirtear an fhaisnéis seo a leanas ar fáil.

Tá nósanna imeachta curtha i ngníomh ag an gComhairle le cinntiú go n-íoctar gach sonrasc a fhaightear laistigh de na teorainneacha ama atá sonraithe ar na sonraisc nó an teorainn ama reachtúil mura bhfuil tréimhse sonraithe. Cé go bhfuil na nósanna imeachta ceaptha le comhall leis an Acht a chinntiú, ní féidir leo ach ráthaíocht réasúnta agus ní glanráthaíocht a sholáthar in aghaidh neamhchomhaill ábhartha. Ghníomhaigh na nósanna imeachta seo sa tréimhse atá faoi athbhreithniú agus níor thabhaigh an Chomhairle ús ar bith ar íocaíocht mhall in 2004.

An Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit 2001

D'fhoilsigh an Roinn Airgeadais an Cód Cleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit i mí Dheireadh Fómhair 2001. Faoin gCód, ní mór do bhoird chomhlachtaí Stáit, ar ceann díobh sin an Chomhairle, a bheith ag tnúth leis na caighdeáin is airde 'rialachais chorparáidigh', coincheap a shainmhínítear mar 'bhainistíocht ar bhainistíocht'. I mí Feabhra 2002, chuir an tAire Sláinte agus Leanaí an Cód ar aghaidh chuig an gComhairle.

Le linn 2004, chomhlíon an Chomhairle forálacha an Chóid mar atá ceaptha ag an Roinn Airgeadais, agus ordaithe sa Lámhleabhar do Bhaill na Comhairle agus sa Lámhleabhar Polasaithe agus Gnáthamh. I gcomhall leis an gCód, tá Ráiteas Cuntas chomh maith le Ráiteas i dtaca le Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais na Comhairle corpraithe sa tuarascáil seo. Tá siad curtha ar aghaidh chuig an Aire Sláinte agus Leanaí in éineacht le Ráiteas an Chathaoirligh maidir le Measúnú na Comhairle ar rialuithe inmheánacha airgeadais.

Cuntais

NATIONAL COUNCIL ON AGEING AND OLDER PEOPLE

Report of the Comptroller and Auditor General for presentation to the Houses of the Oireachtas

I have audited the financial statements on pages 4 to 10 under Section 3 of the Comptroller and Auditor General (Amendment) Act, 1993.

Respective Responsibilities of the Members of the Council and the Comptroller and Auditor General

The accounting responsibilities of the Members of the Council are set out on page 3. It is my responsibility, based on my audit, to form an independent opinion on the financial statements presented to me by the Council and to report on them.

I review whether the statement on the system of internal financial control on pages 1 and 2 reflects the Council's compliance with applicable guidance on corporate governance and report any material instance where it does not do so, or if the statement is misleading or inconsistent with other information of which I am aware from my audit of the financial statements.

Basis of Audit Opinion

In the exercise of my function as Comptroller and Auditor General, I conducted my audit of the financial statements in accordance with auditing standards issued by the Auditing Practices Board and by reference to the special considerations which attach to State bodies in relation to their management and operation.

An audit includes examination, on a test basis, of evidence relevant to the amounts and disclosures in the financial statements. It also includes an assessment of the significant estimates and judgments made in the preparation of the financial statements, and of whether the accounting policies are appropriate to the Council's circumstances, consistently applied and adequately disclosed.

I planned and performed my audit so as to obtain all the information and explanations that I considered necessary in order to provide me with sufficient evidence to give reasonable assurance that the financial statements are free from material misstatement, whether caused by fraud or other irregularity or error. In forming my opinion I also evaluated the overall adequacy of the presentation of information in the financial statements.

Opinion

In my opinion, proper books of account have been kept by the Council and the financial statements, which are in agreement with them, have been properly prepared in accordance with accounting policies laid down by the Minister for Health and Children, give a true and fair view of the state of affairs of the National Council on Ageing and Older People at 31 December 2004 and of its income and expenditure for the year then ended.



Gerard Smyth
For and on behalf of the
Comptroller and Auditor General
13 June 2005

Clár

Ráiteas i dtaca le Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais	**2**
Ráiteas i dtaca le Freagrachtaí na Comhairle	**3**
Ráiteas i dtaca le Polasaithe Cuntasaíochta	**4**
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2004	**5**
Clár Comhardaithe mar a Bhí ar 31 Nollaig 2004	**6**
Nótaí do na Ráitis Airgeadais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2004	**7**

Ráiteas i dtaca le Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais

1. Ar son na Comhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta, admhaímid an fhreagracht atá orainn as cinntiú go gcoinnítear agus go n-oibrítear córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais. Déantar cur síos air sin sa Lámhleabhar do Bhaill na Comhairle.

2. Soláthraíonn an córas ráthaíocht réasúnta, ach ní ráthaíocht ghlan, go ndéantar sócmhainní a chosaint, bearta a údarú agus a thaifeadadh mar is cuí, agus earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha a chosc, nó go ndéanfaí iad a bhrath laistigh de thréimhse thráthúil.

3. Príomhghnáthaimh Rialaithe

   Ar na príomhghnáthaimh i gcóras rialuithe inmheánacha airgeadais na Comhairle a cuireadh i bhfeidhm áirítear:

   - bearta atá glactha chun imshaol rialaithe iomchuí a chinntiú. Tá siadsan rianaithe sa Lámhleabhar do Bhaill na Comhairle, Lámhleabhar d'Fhoireann na Comhairle agus i Lámhleabhar Polasaithe Gnáthaimh na Comhairle. Tá freagracht na Bainistíochta sainithe go soiléir agus tá gnáthaimh fhoirmiúla i bhfeidhm chun teipeanna suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomhaíocht cheartaitheach iomchuí a éascú;
   - bearta chun priacail ghnó a shainaithint, a mheas, aghaidh a thabhairt orthu agus iad a smachtú (gnáthaimh rialaithe); tá cineál agus méid phriacal ábhartha sainaitheanta, mar atá cumas na Comhairle chun priacail a tharlaíonn a bhainistiú agus a mhaolú;
   - tá an córas rialuithe inmheánacha airgeadais bunaithe ar chreat d'fhaisnéis rialta bainistíochta, ar ghnáthaimh riaracháin, ar a n-áirítear leithlisiú dualgas agus córas tarmligin agus cuntasachta. Tugadh córais fhaisnéise isteach chun miontuairisciú ar bhuiséid a chinntiú agus chun bealaí le torthaí a chur i gcomparáid le buiséid le linn na bliana airgeadais a chur ar fáil;
   - tá feidhm iniúchóireachta inmheánaí ag an gComhairle, a oibríonn de réir Chreatchóid an Dea-Chleachtais do Rialachas Comhlachtaí Stáit. Cuirtear anailís phriacail a d'fhéadfadh cur as don Chomhairle san áireamh san obair iniúchóireachta inmheánaí, agus bunaítear pleananna bliantúla iniúchóireachta inmheánaí ar an anailís sin. Formhuiníonn an Fochoiste Iniúchóireachta an anailís phriacail agus na pleananna iniúchóireachta inmheánaí agus faomhann an Chomhairle iad. Cuireann an t-iniúchóir inmheánach tuarascáil ar ghníomhaíocht an iniúchóireachta inmheánaí ar fáil go bliantúil. Cuimsíonn an tuarascáil sin tuairim an iniúchóra inmheánaigh maidir le leorgacht agus éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais;
   - thug an Chomhairle gnáthaimh mhonatóireachta isteach le cinntiú go bhfuil an córas ag oibriú go héifeachtach. Cuidíonn obair an iniúchóra inmheánaigh leis chomh maith leis an bhFochoiste Iniúchóireachta, a dhéanann maoirseacht ar obair an iniúchóra inmheánaigh, Stiúrthóir na Comhairle atá freagrach as forbairt agus coinneáil an chreata rialuithe airgeadais, agus ráitis a dhéanann an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina t(h)uarascáil de réir maratá oiriúnach.

4. Athbhreithniú Bliantúil ar Rialuithe

   - Daingnímid go ndearna an Chomhairle athbhreithniú, i mí an Mhárta, ar éifeachtacht an chórais rialuithe inmheánacha airgeadais don bhliain dar críoch 31 Nollaig 2004.

5. Is é tuairim na Comhairle go bhfeidhmíonn córas éifeachtach rialuithe inmheánacha airgeadais laistigh den eagraíocht. Níor aimsíodh laigí ná earráidí ábhartha ar bith i rialuithe inmheánacha airgeadais a raibh mar thoradh orthu caillteanas ábhartha, teagmhais nó neamhchinnteachtaí. Dearbhaíonn athbhreithniú a rinne an Fochoiste Iniúchóireachta ar pholasaithe agus ghnáthaimh na Comhairle ar son na Comhairle an dearcadh sin.

Cathaoirleach na Comhairle *Ball den Chomhairle* *Dáta* 6/6/05

Ráiteas i dtaca le Freagrachtaí na Comhairle

Ar 19 Márta 1997, agus é ag feidhmiú na gcumhachtaí atá bronnta air ag Altanna 3 go 6 d'Acht Sláinte (Comhlachtaí Corparáideacha) 1961, mar atá leasaithe ag Alt 22 d'Acht Sláinte (Leasú) 1996, rinne an tAire Sláinte agus Leanaí ordú a bhunaigh an Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta in áit na Comhairle Náisiúnta do Sheandaoine. Cuireann an Chomhairle nua, *inter alia*, comhairle ar an Aire Sláinte agus Leanaí agus ar Airí eile i dtaca le gach gné den aosú agus leas daoine aosta.

Éilíonn Alt 16 den Ordú a bhunaigh an Chomhairle (I.R. Uimh. 120 de 1997) ar an gComhairle gach cuntas iomchuí agus gnách a choinneáil den airgead go léir a fhaightear nó a chaitear ar a n-áirítear cuntas ioncaim agus caiteachais agus clár comhardaithe. Agus na ráitis sin á n-ullmhú éilítear ar an gComhairle:

- polasaithe iomchuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- aon imeacht ábhartha ó chaighdeáin chuntasaíochta oiriúnacha a nochtadh agus a mhíniú;
- na ráitis airgeadais a ullmhú ar bhonn an ghnóthais leantaigh mura bhfuil sé míchuí talamh slán a dhéanamh de go leanfaidh an Chomhairle ag feidhmiú.

Tá an Chomhairle freagrach as leabhair iomchuí chuntais a choinneáil a nochtann le cruinneas réasúnta ag am ar bith staid airgeadais na Comhairle agus a chuireann ar a cumas a chinntiú go gcloíonn na ráitis airgeadais le hAlt 16 den ordú bunaithe. Tá an Chomhairle freagrach freisin as a cuid sócmhainní a chosaint agus dá bhrí sin as bearta réasúnta a ghlacadh chun calaois agus neamhrialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.

Cathaoirleach na Comhairle

Ball den Chomhairle

Dáta

1. Bonn Cuntasaíochta

Ullmhaítear na ráitis airgeadais ar bhonn fabhruithe, ach amháin mar a luaitear thíos, faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil, agus de réir cleachtais a nglactar i gcoitinne leo. Glactar leis na Caighdeáin Thuairiscithe Airgeadais a mholann comhlachtaí cuntasaíochta de réir mar a thagann siad i bhfeidhm, ach amháin mar a chuirtear in iúl thíos. Is é an t-aonad airgeadra ina n-ainmnítear na ráitis airgeadais ná an Euro.

2. Ioncam

Seasann an t-ioncam a thaispeántar sna cuntais faoi Dheontais Oireachtais don méid iarmhír a fuarthas sa bhliain.

3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

(i) Luaitear Sócmhainní Seasta ag costas lúide dímheas.

(ii) Déantar dímheas ar Shócmhainní Seasta ag rátaí bliantúla ar bhonn dronlíne atá measta chun díscríobh a dhéanamh ar na sócmhainní thar a saol úsáideach. Gearrtar dímheas de réir leath an ráta bhliantúil sa bhliain cheannaigh. Tá dímheas de réir na rátaí seo a leanas:

Trealamh Oifige	20%
Troscán Oifige	12.5%

4. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil do luach neamhamúchta ioncaim a úsáidtear chun sócmhainní seasta a mheas.

5. Pinsin

D'fhaomh an tAire Sláinte agus Leanaí iontráil na Comhairle i Scéim Ainmnithe Pinsin na nÁisínteachtaí Sláinte. Is scéim ranníoc sochair shainithe é seo. Íoctar teidlíochtaí pinsin a tharlaíonn faoin scéim as ioncam reatha agus cuirtear iad de mhuirear ar an gCuntas Ioncaim agus Caiteachais sa bhliain ina mbíonn siad iníoctha. Faoi threoir an Aire Sláinte agus Leanaí, níl aon soláthar déanta sna ráitis airgeadais maidir le sochair iníoctha.

Cuntas Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain dar Críoch 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €	2004 €	2003 €	2003 €
Ioncam					
Deontais Oireachtais	1	1,252,000		1,055,000	
Foilseacháin		7,729		11,674	
Táillí Comhdhála agus Seimineáir	2	5,625		31,950	
			1,265,354		1,098,624
Aistriú (go)/ón gCuntas Caipitil	10		(914)		20,173
			1,264,440		1,118,797
Caiteachas					
Tuarastail agus Pá		607,998		540,157	
Taisteal		62,503		48,175	
Bunaíocht	3	197,777		197,481	
Riarachán Oifige	4	57,611		40,526	
Staidéir Thaighde	5	220,231		119,407	
Foilseacháin agus Priontáil		59,013		52,681	
Comhdhálacha agus Seimineáir		50,197		45,037	
Cumarsáid		66,572		–	
Grúpa Oibre ar Mhí-úsáid Daoine Aosta	6	–		761	
Táille Iniúchóireachta		3,100		2,800	
			1,325,002		1,047,025
Barrachas/Easnamh don bhliain			(60,562)		71,772
Iarmhéid mar a bhí ar 1 Eanáir			88,372		16,600
Iarmhéid mar a bhí ar 31 Nollaig			27,810		88,372

Ní raibh aon ghnóthachán ná chaillteanas, sa bhliain airgeadais ná sa bhliain airgeadais roimhe sin, ach amháin iad siúd ar déileáladh leo sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais. Is cuid de na Ráitis Airgeadais iad an Ráiteas Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

Cathaoirleach na Comhairle *Ball den Chomhairle* *Dáta* 8/6/05

Clár Comhardaithe mar a Bhí ar 31 Nollaig 2004

	Nótaí	2004 €	2004 €	2003 €	2003 €
Sócmhainní Seasta	7		55,392		54,478
Sócmhainní Reatha					
Airgead ar Láimh		198		89	
Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí	8	14,684		16,776	
Banc		19,047		77,094	
Lánsócmhainní Reatha		33,929		93,959	
Fiachais Reatha					
Féichiúnaithe agus Fabhruithe	9	6,119		5,587	
Glansócmhainní Reatha			27,810		88,372
Glansócmhainní			83,202		142,850
Léirithe ag:					
Cuntas Caipitil	10		55,392		54,478
Cuntas Ioncaim agus Caiteachais			27,810		88,372
			83,202		142,850

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo iad an Ráiteas i dtaca le Polasaithe Cuntasaíochta agus Nótaí 1 go 12.

Cathaoirleach na Comhairle | Ball den Chomhairle | Dáta 8/6/05

	2004	2003
	€	€
1. Deontais Oireachtais		
Cionroinnt Ghinearálta ón Roinn Sláinte agus Leanaí	1,202,000	960,000
Cionroinnt ón HPU maidir leis an gClár Aosaithe Sláintiúil	50,000	70,000
Costais Thagarmharcála	–	25,000
	1,252,000	1,055,000

2. Táillí Comhdhála agus Seimineáir

Seasann an t-airgead seo do na táillí a fuarthas do Chomhdháil Náisiúnta ar Aosú Sláintiúil a tionóladh ar 30 Samhain 2004.

3. Bunaíocht		
Cíos agus Rátaí	145,955	143,580
Táillí Seirbhíse	6,226	6,899
Teas agus Solas	4,144	4,617
Athchóiriú, Cothabháil agus Deisiúcháin	9,631	8,386
Dímheas	20,525	22,291
Árachas	11,296	11,042
Caillteanas ar Dhiúscairt Shócmhainne Reatha	–	666
	197,777	197,481
4. Riarachán Oifige		
Postas agus Teileafón	16,129	17,648
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige Eile	16,442	13,299
Oiliúint Fhoirne agus Earcaíocht	5,665	1,880
Síntiúis, agus rl.	5,237	2,980
Fógraíocht	5,255	1,331
Táillí Gairmiúla	8,236	2,797
Táillí Bainc	647	591
	57,611	40,526

	2004 €	2003 €
5. Staidéir Thaighde		
Bearta Cuimsitheachta Sóisialta	49,895	–
Taithí Idirnáisiúnta ar Chúram Pobail	17,214	–
Caighdeán Beatha i gCúram Fadchónaitheach	33,333	–
Polasaí Sláinte Béil	16,200	–
Alcól agus Daoine Aosta	4,500	–
Tionscnamh Cúraim Chónaithigh	16,900	–
Anailís Thánaisteach ar Shonraí SLÁN	6,000	12,000
Staidéar Uile-Éireannach ar Aoiseachas	6,100	12,200
Tuiscintí agus Taithí ar Aoiseachas san Earnáil Sláinte	24,575	23,800
Leithlis Shóisialta agus Uaigneas i measc Daoine Aosta in Éirinn	31,218	31,218
Réamh-Mheastacháin Daonra agus Anailís Dhéimeagrafach ar Shonraí Daonáirimh 2002	3,000	3,000
Taighde le hAghaidh Bunachar Sonraí ar Aosú Sláintiúil	–	17,391
Ríomhchlárú do Bhunachar Sonraí ar Aosú Sláintiúil	–	3,000
Imeachtaí Comhdhálacha agus Seimineár	11,296	5,650
Straitéis 2004-2006	–	2,000
Feasacht Phoiblí ar Aoiseachas a Chur Chun Cinn	–	9,148
	220,231	119,407

6. Grúpa Oibre ar Mhí-Úsáid Daoine Aosta		
Taisteal agus Cruinnithe	–	643
Teileafón agus Postas	–	4
Stáiseanóireacht agus Soláthairtí Oifige	–	114
	–	761

7. Sócmhainní Seasta

	Trealamh Oifige		Troscán Oifige		Iomlán	
	€	€	€	€	€	€
Costas ar 31 Nollaig 2003	120,974		33,092		154,066	
Breiseanna sa bhliain	20,356		1,083		21,439	
Diúscairtí sa bhliain	–		–		–	
		141,330		34,175		175,505
Dímheas						
Dímheas Carntha mar a bhí ar 31 Nollaig 2003	77,569		22,019		99,588	
Muirear Dímheasa don bhliain	16,660		3,865		20,525	
Dímheas ar dhiúscairt						
Dímheas Carntha mar a bhí ar 31 Nollaig 2004		94,229		25,884		120,113
Leabharluach Glan ar 31 Nollaig 2004		47,101		8,291		55,392
Leabharluach Glan ar 31 Nollaig 2003		43,405		11,073		54,478

	2004 €	2003 €
8. Féichiúnaithe agus Réamhíocaíochtaí		
Féiciúnaithe Trádála	127	1,513
Foilseacháin	749	320
Comhdhálacha	1,335	1,750
Réamhíocaíochtaí	12,473	13,193
	14,684	16,776
9. Creidiúnaithe agus Fabhruithe		
Creidiúnaithe agus Fabhruithe	2,047	1,692
Táille Iniúchóireachta	3,100	2,800
Táille Cuntasaíochta	972	972
Dleachtanna Ceardchumainn	–	23
Comharchreidmheas na Foirne Seirbhíse Sláinte	–	100
	6,119	5,587

	2004 €	2004 €	2003 €	2003 €
10. Cuntas Caipitil				
Iarmhéid ar 1 Eanáir		54,478		74,651
Aistriú (go)/ón gCuntas Ioncaim agus Caiteachais				
- Ioncam cionroinnte le haghaidh cuspóirí Caipitil	21,439		2,784	
- Amúchadh i gcomhréir le dímheas sócmhainne	(20,525)		(22,291)	
- Méid a scaoileadh ar dhiúscairt shócmhainní seasta	–		(666)	
		914		(20,173)
Iarmhéid ar 31 Nollaig		55,392		54,478

11. Ceangaltais Faoi Léasanna Oibriúcháin

Is ionann agus €135,520 na ceangaltais léasa atá iníoctha sa dá mhí déag seo chugainn, agus cuimsíonn siad na cíosanna atá iníoctha ar leasanna léasachta na Comhairle i ndá mhaoin.

12. Faomhadh Ráiteas Airgeadais

D'fhaomh an Chomhairle na ráitis airgeadais seo ar 9 Márta 2005.

Foilseacháin

Foilseacháin

Tuarascálacha

Uimh.	Ainm na Tuarascála	Praghas	P & P
1	Day Hospital Care	€0.63	€0.63
2	Retirement: A General Review	€0.63	€0.76
4	Community Services for the Elderly	€0.47	€0.76
5	Seminar Proceedings: Retirement Age – Fixed or Flexible?	€0.63	€1.14
6	The World of the Elderly: The Rural Experience	€1.90	€1.14
7	Incomes of the Elderly in Ireland: And an Analysis of the State's Contribution	€2.54	€1.90
9	Home from Home? Report on Boarding Out Schemes for Older People in Ireland	€2.54	€1.14
10	Housing for the Elderly in Ireland	€2.86	€1.90
11	Institutional Care of the Elderly in Ireland	€2.86	€1.90
12	This is Our World: Perspectives of Some Elderly People on Life in Suburban Dublin	€1.90	€1.14
13	Nursing Homes in the Republic of Ireland: Study of the Private and Voluntary Sector	€3.17	€1.90
14	'It's Our Home': The Quality of Life in Private and Voluntary Nursing Homes	€3.17	€1.90
15	The Elderly in the Community: Transport and Access to Services in Rural Areas	€1.90	€1.14
16	Attitudes of Young People to Ageing and the Elderly	€0.63	€1.14
17	Choices in Community Care: Day Centres for Elderly in the EHB	€2.38	€1.90
18	Caring for the Elderly. Part 1: A Study of Carers at Home and in the Community	€2.54	€1.14
19	Caring for the Elderly. Part II: The Caring Process: A Study of Carers in the Home	€4.44	€1.90
20	Sheltered Housing in Ireland: Its Role and Contribution in the Care of the Elderly	€4.44	€1.90
22	The Role and Future Development of Nursing Homes in Ireland	€4.44	€1.90
23a	Coordinating Services for the Elderly at the Local Level: Swimming against the Tide	€4.44	€1.90
23b	Coordinating Services for the Elderly at the Local Level: Summary of Evaluation on Two Pilot Projects	€0.63	€0.76
24	The Impact of Social and Economic Policies on Older People in Ireland	€3.81	€1.14
25	Voluntary-Statutory Partnership in Community Care of Elderly	€5.08	€1.90

26	Measures to Promote Health and Autonomy for Older People: A Position Paper	€2.54	€1.14
27	Seminar Proceedings: Coordination of Services for the Elderly at the Local Level	€2.54	€1.14
28	Conference Proceedings: Voluntary-Statutory Partnership in Community Care of the Elderly	€2.54	€1.14
29	Conference Proceedings: Dementia Services: Information and Development	€2.54	€1.14
30	Bearing Fruit. A Manual for Primary Schools	€4.44	€1.90
31	In Due Season. A Manual for Post-Primary Schools	€4.44	€1.90
32	Conference Proceedings: Measures to Promote the Health and Autonomy of Older People in Ireland	€5.71	€1.90
33	Round Table Proceedings: Theories of Ageing and Attitudes to Ageing	€1.90	€1.14
35	The Economics and Financing of Long-Term Care of the Elderly in Ireland	€8.89	€1.90
36	Home Help Services for Elderly People in Ireland	€7.14	€3.17
37	Older People in Ireland. Social Problem or Human Resource?	€3.81	€1.14
38	Seminar Proceedings: The Economics and Financing of Long-Term Care of the Elderly in Ireland	€3.81	€1.14
39	Health and Autonomy Among the Over-65s in Ireland	€10.79	€1.90
40	Support Services for Elderly People Living at Home	€8.09	€1.90
41	Conference Proceedings: Home Help Services for Elderly People in Ireland	€5.08	€1.14
42	Health and Social Care Implications of Population Ageing In Ireland, 1991-2011	€5.08	€1.14
43	Conference Proceedings: Planning Health and Social Care Services for the Elderly	€5.08	€1.14
44	Elderly Return Migration from Britain to Ireland. A Preliminary Study	€6.35	€1.14
45	Mental Disorders in Older Irish People: Incidence, Prevalence and Treatment	€9.52	€1.90
46	Conference Proceedings: Mental Disorders in Older Irish People: Incidence, Prevalence and Treatment	€5.08	€1.14
47	Training Carers of Older People: An Advisory Report	€9.52	€1.90
48	The Years Ahead Report: A Review of the Implementation of its Recommendations	€12.70	€3.17
49	Conference Proceedings: Review of the Recommendations of the Years Ahead Report	€8.63	€1.90
50	Adding Years to Life and Life to Years: A Health Promotion Strategy for Older People in Ireland	€6.35	€1.90
51	The Law and Older People: A Handbook for Service Providers	€15.87	€2.29
52	Abuse, Neglect and Mistreatment of Older People	€7.62	€1.90
53	The Future Organisation of the Home Help Service in Ireland	€7.62	€1.46
54	An Action Plan for Dementia	€10.79	€1.90

55	Income, Deprivation and Well-Being Among Older Irish People	€8.89		€1.90
56	Conference Proceedings: Planning for Dementia Care in Ireland	€5.72		€1.46
57	Young and Old	€19.05		€1.90
59	Conference Proceedings: What Works in Health Promotion for Older People in Ireland	FOC		FOC
60	Costs of Caring for People with Dementia and Related Cognitive Impairments	€12.70		€1.52
62	A Framework for Quality In Long-Term Residential Care for Older People in Ireland	€8.89		€1.46
63	Conference Proceedings: Towards a Society for All Ages	€9.52		€1.46
64	Health and Social Services for Older People (HeSSOP)	€22.86		€3.17
65	Conference Proceedings: Employment and Retirement Among the Over-55s	€13.50		€1.90
66	Care and Case Management	€16.51		€1.90
67	Older People's Preferences for Employment and Retirement	€10.54		€1.90
69	Meeting the Health, Social Care and Welfare Services Information Needs of Older People in Ireland	€16.00		€2.80
71	Conference Proceedings: Towards Care Management in Ireland	€16.00		€1.90
72	Conference Proceedings: Assessment of Older People's Health and Social Care Needs and Preferences	€16.00		€1.90
73	Protecting Our Future (Report of the Working Group on Elder Abuse)	€4.00		€1.90
74	The Role and Future Development of Day Services in Ireland	€17.00		€3.00
76	Directory of Healthy Ageing Information Resources for Older People	€2.00		€0.90
77	Healthy Ageing in Ireland: Policy, Practice and Evaluation	€17.00		€3.00
78	Conference Proceedings: Meeting the Health, Social Care and Welfare Services Information Needs of Older People	FOC		FOC
79	Conference Proceedings: The Role and Future Development of Day Services in Ireland	FOC		FOC
80	Conference Proceedings: The 2003 Healthy Ageing Conference	FOC		FOC
81	Population Ageing in Ireland: Projections 2002-2021	€12.00		€2.50
82	Older People in Ireland: A Profile of Health Status, Lifestyle and Socio-Economic Factors from SLÁN	€20.00		€2.50
84	Loneliness and Social Isolation Among Older Irish People	€17.50		€2.50
85	Perceptions of Ageism in Health and Social Services in Ireland	€12.00		€2.00
86	Conference Proceedings: From Ageism to Age Equality: Addressing the Challenges	€10.00		€2.00
87	Planning for an Ageing Population: Strategic Considerations	€13.00		€2.50
88	An Age Friendly Society: A Position Statement	FOC		FOC
90	The Social Inclusion of Older People at Local Level: The Role and Contribution of CDBs	€14.00		€2.00

Uimh.	Teideal	Praghas
FF1	Demography	€1.41
FF2	Physical Health	€1.41
FF3	Income	€1.41
FF4	Work and Retirement	€1.41
FF5	Housing	€1.41
FF6	Community Care Services	€1.41
FF7	Long-Stay Care	€1.41
FF8	Mental Disorders	€1.41
FF9	Carers	€1.41
FF10	Voluntary Sector Services	€1.41
FF11	Crime	€1.41
FF12	Return Migration	€1.41
FF13	Age and Attitudes	€1.41
FF14	Accidents and Safety	€1.41

Chun foilseacháin na Comhairle a ordú, déan teagmháil le do thoil le:

An Chomhairle Náisiúnta um Aosú agus Daoine Aosta
22 Cearnóg Chlann Liam
Cé na Mórchanálach
Baile Átha Cliath 2

Teil: (01) 676 6484
Facs: (01) 676 5754
R-phost: info@ncaop.ie
Gréasán: www.ncaop.ie